



*An tSeirbhís Chúirteanna*  
*Courts Service*

**TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS**  
**OIFIG CHUNTASÓIR NA GCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS**  
**DON BHLAIN DAR CRÍOCH**  
**30 MEÁN FÓMHAIR 2012**





# OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

## TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012

---

### CLÁR ÁBHAR

### LEATHANACH

AN COISTE INFHEISTÍOCHTA AGUS FAISNÉIS EILE	2-3
FAISNÉIS CHÚLRA	4
RÉAMHRÁ AG CATHAOIRLEACH AN CHOISTE INFHEISTÍOCHTA	5
AN COISTE INFHEISTÍOCHTA	6
TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS	7-14
RÓL OIFIG NA gCOIMIRCI THE CÚIRTE	15
TUARASCÁIL AN BHAINISTEORA INFHEISTÍOCHTA	16-17
RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN CHUNTASÓRA	18
TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH	19-20
RÁITEAS MAIDIR LE SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS	21
RÁITEAS MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ	22
RÁITEAS MAIDIR LE HATHRUITHE SNA GLANSÓCMHAINNÍ	23
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	24-39
FAISNÉIS BHREISE	40
CISTÍ NA HARD-CHÚIRTE	41-43
CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA	44-46
CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE	47-49

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### AN COISTE INFHEISTÍOCHTA AGUS FAISNÉIS EILE

---

**AN COISTE INFHEISTÍOCHTA** An Breitheamh Nicholas Kearns, Uachtarán na hArd-Chúirte  
An Breitheamh Katherine Delahunty (Breitheamh na Cúirte Cuarda)  
An Breitheamh Cormac Dunne (Breitheamh na Cúirte Dúiche)  
Seán Quigley, Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais agus Stiúrthóir Airgeadais  
Denise Mullins, Ceann na gCistí Cúirte, an tSeirbhís Chúirteanna  
James Finn, an Cláráitheoir, Oifig na gCoimircithe Cúirte  
John Mahon, Príomhoifigeach, an tSeirbhís Chúirteanna  
Fintan Murphy, Cláráitheoir Contae, Contae Mhaigh Eo  
Tom Ward, Príomhchleireach, Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath  
Eugene O'Callaghan, Ball Neamhspleách, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta  
Paul Farrell, Ball Neamhspleách

**OIFIG CHLÁRAITHE** Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais  
Teach an Fhionnuisce  
15-24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh  
Margadh na Feirme  
Baile Átha Cliath 7  
Éire.

**BAINISTEOIR INFHEISTÍOCHTA** State Street Global Advisors Ireland Limited (Bainistíocht Sócmhainní Bhanc na hÉireann roimhe seo)  
Plás Dhá Pháirc  
Sráid Haiste Uachtarach  
Baile Átha Cliath 2  
Éire.

State Street Global Advisors  
21 St. James Square  
Londain SW1Y 4SS  
An Ríocht Aontaithe.

**CAOMHNÓIR AGUS RIARTHÓIR** JP Morgan Admin Services (Ireland) Ltd  
Teach JP Morgan  
IFSC  
Baile Átha Cliath 1  
Éire.

**COMHAIRLEOIR INFHEISTÍOCHTA** Aon Hewitt  
Bloc D  
Cúirt Uíbh Eachach  
Bóthar Fhearchair  
Baile Átha Cliath 2  
Éire.

**OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS**

**AN COISTE INFHEISTÍOCHTA AGUS FAISNÉIS EILE (AR LEANÚINT)**

---

**COMHAIRLEOIRÍ DLÍ**

Matheson Ormsby Prentice  
70 Cé Sir John Rogerson  
Baile Átha Cliath 2  
Éire.

A & L Goodbody  
IFSC  
Cé an Phoirt Thuaidh  
Baile Átha Cliath 1  
Éire.

McCann Fitzgerald  
Riverside One  
Cé Sir John Rogerson  
Baile Átha Cliath 2  
Éire.

**INIÚCHÓIRÍ**

Grant Thornton  
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe  
24-26 Cé na Cathrach  
Baile Átha Cliath 2  
Éire.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### FAISNÉIS CHÚLRA

---

#### Na Cúirteanna agus Cistí na Cúirte:

Tá ról coimeádta ag na Cúirteanna maidir le cistí a thaisctear sa chúirt de bhun Orduithe Cúirte nó de réir ceanglais reachtaíochta. Is í seo a leanas an reachtaíocht agus an fho-reachtaíocht phríomhúil is tábhachtaí a rialaíonn fáiltas, bainistíocht agus infheistíocht na gcistí cúirt-rialaithe:

- An tAcht Oifigigh Cúirte, 1926
- An tAcht Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe), 1958 agus na hOrduithe Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) a dhéantar dá réir
- Rialacha na nUaschúirteanna
- Rialacha na Cúirte Cuarda
- Rialacha na Cúirte Dúiche

Áirítear leis na catagóirí cistí atá i seilbh na gCúirteanna, go príomha:

- Coimircithe Cúirte; taisctear sa Chúirt cistí na ndaoine a thugtar faoi choimirce;
- Mionaoisigh; taiscfear na dámhachtainí airgeadais a bhronnann na Cúirteanna ar dhaoine faoi ocht mbliana déag d'aois sa Chúirt go dtí go sroicheann siad lán-aois. I gcás ina meastar go bhfuil gá le cúram fadtréimhseach, is féidir Coimircí Cúirte a dhéanamh de mhionaoiseach;
- Taisc déanta ag Páirtithe le hImeachtaí Cúirte; féadfaidh duine atá páirteach in imeachtaí cúirte sibhialta airgead a thaisceadh sa chúirt agus iad ag féachaint d'éileamh duine eile atá páirteach sna himeachtaí a shásamh.

Áirítear le cistí eile atá i seilbh na Cúirte:

- Cistí arna dtaisceadh ag Ceardchumainn, Cuideachtaí Árachais agus Ceantálaithe
- Ábhair a bhaineann le hiontaobhaithe (fáltais na n-iontaobhas a n-ordaíonn an Chúirt go dtaisctear iad sa chúirt)
- Dibhinn neamhéilíthe i leachtuithe cuideachtaí
- Fáltais ó cheannacháin éigeantacha talún i gcás nach fios cé hé nó cé hí an tairbhí
- Taisc faoi Land Clauses Act 1845
- Cistí arna dtaisceadh ag an mBord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe

#### Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais:

Bunaíodh Oifig an Chuntasóra agus post Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais (an “Cuntasóir”) go gairid i ndiaidh bhunú an Stáit, faoin Acht Oifigigh Cúirte, 1926. Sonraítear san Acht go gcomhlíonfaidh an Cuntasóir cibé feidhmeanna a thabharfaidh nó a shannfaidh reacht nó riail na cúirte dó nó di, agus comhlíonfaidh sé nó sí agus gnóthóidh sé nó sí, go háirithe, i ndáil leis an Ard-Chúirt, an Chúirt Uachtarach agus an Príomh-Bhreitheamh, gach dualgas nó feidhm den sórt sin de réir mar a chomhlíon agus a ghnóthaigh Ard-Chuntasóir na Cúirte Uachtaraí Breithiúnais in Éirinn na dualgais agus na feidhmeanna sin i ndáil leis an gCúirt sin agus i ndáil le hArd-Seansailéir na hÉireann. Tá an Cuntasóir freagrach faoi láthair as bainistíocht agus infheistíocht cistí arb ionann iad agus €1.188 billiún (2011:€1.178 billiún).

Is éard atá i gceist leis na cistí a ndéanann an Cuntasóir bainistíocht orthu ná cistí a shealbhaítear faoi rialú na gCúirteanna agus a ndéantar bainistíocht orthu i gcáilmhuinéach thar ceann na dtairbhíthe, lena n-áirítear catagóirí éagsúla dlíthithe, daoine ar Choimircithe Cúirte iad agus Mionaoisigh ar bhronn na Cúirteanna damáistí orthu. Ceanglaíonn an dlí go n-infheisteofar cistí atá faoi rialú na gCúirteanna de réir an Achta Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe), 1958 agus na n-orduithe a dhéantar faoin Acht sin agus faoi rialacha na cúirte.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### RÉAMHRÁ AG CATHAOIRLEACH AN CHOISTE INFHEISTÍOCHTA

---

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais a chur i láthair i ndáil leis an mbliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2012.


Bliain eile dhúshlánach a bhí sa bhliain atá faoi chaibidil do bhainistíocht agus d'infheistíocht Chistí Cúirte. Sa bhliain airgeadais atá faoi chaibidil, leanadh leis an mbeartas lenár glacadh in 2010, a bhí dírithe ar éagsúlú optamach a bhaint amach maidir le hinfeistíochtaí airgid, ar aon dul lenár gcur chuige i leith seilbh ghnáthscaireanna agus bhannaí. Ba í an phríomhthosaíocht maidir le hinfeistíochtaí a chinntiú a mhéid agus ab fhéidir gur cosnaíodh an tsuim chaipitil a bhronn an chúirt. Ina theannta sin, bhí leachtacht ina breithniú tábhachtach. Agus aird ar an neamhchinnteacht i margaí airgeadais, go ginearálta, áfach, agus laistigh de limistéar an Euro go háirithe, ba bhreithniú tánaisteach an toradh ar infheistíocht. Lean an neamhchinnteacht in earnáil na baincfeireachta agus sna margaí airgeadais in 2012. Chuir an cinneadh a rinne an Banc Ceannais Eorpach (BCB) chun rátaí úis a ghearradh in Iúil 2012 faoi bhun 1.0% go dtí leibhéal gan choinne 0.75% leis an dúshlán chun torthaí dearfacha infheistíochta a choimeád agus bheith ag iarraidh sláine agus leachtacht chaipitiúil a chinntiú i gcomhthráth. Ní raibh coinne leis an luaineacht agus leis an neamhchinnteacht a sonraíodh i margaí airgeadais le blianta beaga anuas. Ghlac an Coiste Infheistíochta, le tacaíocht óna gcomhairleoirí neamhspleácha infheistíochta, le cur chuige an-stuama chun déileáil leis na dúshláin a bhí rompu. Rinneadh comhréir shuntasach (89%) de chistí cúirte a infheistiú i sócmhainní airgeadbhunaithe ag deireadh na bliana. Le haghaidh cásanna áirithe, áfach, sa chás go meastar gur cuí, bíonn údar le nochtadh níos mó le haicmí sócmhainní a lorgaíonn borradh. Amhail a thabharfaidh tú faoi deara sa tuarascáil seo, ba dhearfach d'fheidhmíocht infheistíochta i ngach ceann de na trí straitéis airgid don bhliain atá faoi chaibidil. Chruthaigh na straitéisí airgid toradh 0.29%, glan ó tháillí. Chruthaigh an straitéis um borradh ioncaim, ag a bhfuil nochtadh do ghnáthscaireanna feidhmíocht dhearfach 9.62% don bhliain airgeadais.

Le linn na bliana, rinne an Coiste Infheistíochta maoirsiú ar chleachtadh fála an AE do sholáthar seirbhísí bainistíocht infheistíochta. Cuireadh deireadh leis an gcleachtadh seo le moladh don Bhord chun Comhairleoirí State Street Global Advisors a cheapadh.

Méadaíodh na hinfeistíochtaí iomlána a bhí faoi bhainistíocht Oifig an Chuntasóra tráth dheireadh na bliana go dtí €1.188 billiún (2011: €1.178 billiún), ar méadú €10 milliún seo ar an mbliain roimhe seo. Tá an ghluaiseacht seo mar thoradh ar fheidhmíocht dhearfach infheistíochta €23 milliún i nglan-idirbheartaíochtaí caipitiúla €13 milliún (i.e. níos mó íocaíochtaí amach ná fáltais).

Chas an Coiste Infheistíochta ar a chéile cúig huairé le linn na tréimhse faoi athbhreithniú agus i bpáirtíocht lenár gcomhairleoirí infheistíochta, tugann siad faoi mhonatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht infheistíochta, comhlíonadh straitéisí infheistíochta, agus ar oiriúnacht leanúnach na straitéisí infheistíochta. Leanann an Coiste le deiseanna a lorg chun luach a mhéadú agus lena chinntiú go dtugtar faoin gcur chuige infheistíochta ag gach tráth chun leasa na dtairbhíthe. Ba mhian liom buíochas a ghlacadh leis an gCoiste Infheistíochta dá ndianobair agus tiomantas i rith na bliana.

Is mian liom sár-rannpháirtíocht na foirne in Oifig an Chuntasóra le linn na bliana a aithint.



**Nicholas J. Kearns**  
Uachtarán na hArd-Chúirte  
Cathaoirleach an Choiste Infheistíochta

**An 19 Nollaig 2012**

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### AN COISTE INFHEISTÍOCHTA

---

Is éard atá sa Choiste Infheistíochta baill de na Breithiúna, Cláraitheoir Contae, Oifig na Seirbhíse Cúirteanna agus baill neamhspleácha sheachtracha. Tá Uachtarán na hArd-Chúirte mar Chathaoirleach ar an gCoiste. Tá ról comhairleach ag an gCoiste agus é mar phríomhfheidhm acu beartas infheistíochta a cheapadh do chistí cúirte agus maoirsiú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na moltaí a fhaigheann siad óna gcuid comhairleoirí infheistíochta. Déanann siad deimhin de, freisin, go gcuirtear dea-chleachtas i bhfeidhm i gcónaí ar bhainistíocht na gCistí Cúirte.

Tagann an Coiste le chéile ar bhonn rialta agus tháinig siad le chéile cúig huaire le linn na bliana a fhad leis an 30 Meán Fómhair 2012 (ocht n-uaire le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2011). Is iad seo a leanas baill an Choiste:

An Breitheamh Nicholas Kearns, Uachtarán na hArd-Chúirte, Cathaoirleach

An Breitheamh Katherine Delahunty, an Chúirt Chuarda

An Breitheamh Cormac Dunne, an Chúirt Dúiche

Seán Quigley, Stiúrthóir Airgeadais/Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

Fintan Murphy, Cláraitheoir Contae, Contae Mhaigh Eo

Denise Mullins, Ceann na gCistí Cúirte, an tSeirbhís Chúirteanna

James Finn, an Cláraitheoir, Oifig na gCoimircithe Cúirte

John Mahon, Príomhoifigeach, an tSeirbhís Chúirteanna

Tom Ward, Príomhchléireach, Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath

Eugene O'Callaghan, Ball Neamhspleách, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Paul Farrell, Ball Neamhspleách

Gníomhaíonn an tUasal Deborah Reidy, Aon Hewitt Associates, mar Chomhairleoir Infheistíochta um Chistí Cúirte agus bhí sí i láthair ag gach cruinniú de chuid an Choiste Infheistíochta i rith na tréimhse atá faoi chaibidil.



## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

---

Tá an tSeirbhís Chúirteanna freagrach as na Cúirteanna a bhainistiú agus a riar agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar do bhreithiúna de réir an Achta um Sheirbhís Chúirteanna, 1998. Is sa cháil seo atá ról ag an tSeirbhís Chúirteanna i gCistí Cúirte, arna sealbhú ar iontaobhas ag na Cúirteanna, a bhainistiú agus a infheistiú. Déantar na cistí seo a infheistiú ar aon dul le forálacha an Achta Ionntaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe), 1958 agus orduithe ina dhiaidh sin.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2012, ba é luach iomlán na gcistí arna mbainistiú ag Oifig an Chuntasóra €1.188 billiún (€1.178 billiún, amhail an 30 Meán Fómhair 2011). Is éard is cúis leis an méadú seo ar luach na gcistí ná glanmhéadú ó fheidhmíocht infheistíochta €23 milliún (€5 milliún: 2011) agus glanlaghdú ar ghlanidirbhearta caipitil €13 milliún (i.e. níos mó íocaíochtaí amach ná fáiltas).

Le linn na bliana a fhad leis an 30 Meán Fómhair 2012, lean an tSeirbhís Chúirteanna le gach ciste a infheistiú, as a bhfuil siad freagrach, ar bhonn stuama. In go leor cásanna, ba é an príomhchuspóir infheistíochta caomhnú caipitil, go háirithe i dtaca le mionaoisigh, ach i gcásanna eile, ba é an cuspóir chun toradh níos fearr a lorg ar son cásanna inar measadh gur cuí do chruthú ioncaim. Sna cásanna siúd a lorg caomhnú caipitil mar an mbunchuspóir, rinneadh na cistí a infheistiú sna straitéisí airgeadbhunaithe, a rinneadh a infheistiú 100% sa Chiste Airgid SSgA GRU le linn na tréimhse atá faoi chaibidil. Rinneadh na cásanna siúd inar mheas Cláráitheoir na gCoimircithe Cúirte gur cuí toradh níos mó a lorg ná mar a bhainfeadh an straitéis um chaomhnú caipitil amach a infheistiú sa Chiste Speictrim SSgA (Ciste Comhardaithe). Féach Tábla 3 chun teacht ar an leithdháileadh sócmhainne sa chiste seo. Anuas air sin, i gcomhréir leis an bprótocal infheistíochta do na cásanna sin, sa chás gur measadh gur cuí do chásanna na gCoimircithe Cúirte a infheistiú sa Chiste Comhardaithe, coimeádtar suim i sealúchas ar leith airgid i straitéis an Chiste Airgid. Tá sé beartaithe go n-íocfaidh an sealúchas airgid as íocaíochtaí idir gearrthearma agus meántearma agus d'fhonn aonaid a dhíol a sheachaint sa Chiste Comhardaithe gnáthscairbhunaithe ag tráth mífhóirsteanach.

Faoi na coinníollacha reatha luaineacha agus neamhchinnte margaidh agus na rioscaí leanúnacha i gceist laistigh de limistéar an Euro, lorgaíonn an tSeirbhís Chúirteanna a chinntiú go n-éagsúlaítear cistí cúirte go leordhóthanach agus go ndéantar iad a infheistiú go stuama. D'athraigh an Coiste Infheistíochta, tar éis comhairle a fháil ónár gcomhairleoirí infheistíochta, mar aon le hionchur ónár mbainisteoirí ciste, paraiméadair cheadaithe infheistíochta shainchúram an Chiste Airgid SSgA GRU trí huair le linn na bliana atá faoi chaibidil. Bhí gá leis seo mar gheall gur tháinig laghdú ar na cistí a bhí ar fáil i rith na bliana agus go raibh na hathruithe a rinneadh dírithe ar thoradh a fheabhsú gan an riosca i leith bhunchuspóir an chiste a mhéadú - sláine na gcistí. Coimeádtar an cur chuige i leith infheistíocht na gcistí cúirte faoi athbhreithniú rialta ag an gCoiste Infheistíochta i gcomhar lenár gcomhairleoirí infheistíochta agus déantar é a mhodhnú nuair a mheastar gur cuí.

Le linn na bliana, tugadh faoi chleachtadh tairisceana AE do sholáthar seirbhísí bainistíochta infheistíochta. Is éard a d'eascair as an bpróiseas um measúnú tairisceana moladh chun State Street Global Advisors (SSgA) a cheapadh. Ba iad SSgA soláthróirí seirbhís dualgais. Tráth dheireadh na bliana airgeadais, an 30 Meán Fómhair 2012, bhí an Chomhaontú Bainistíochta Infheistíochta (IMA) á chur i gcrích. Meastar go dtitfidh an t-aistriú chuig na socrúithe nua amach go luath in 2013.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS


### TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEANÚINT)

Cé gurbh ann do luaineacht go fóill sna margaí airgeadais, go háirithe amhail a tugadh faoi deara sa tríú ráithe den bhliain airgeadais atá faoi chaibidil, ba shásúil don fheidhmíocht iomlán infheistíochta, agus bhí méadú €23 milliún le sonrú mar thoradh ar fheidhmíocht infheistíochta. Cé go leanann luaineacht sna margaí airgeadais bheith mar bhaol, lean an tSeirbhís Chúirteanna le cur chuige a bhí drogallach roimh rioscaí a ghlacadh i leith infheistiú cistí i rith na bliana, agus rinneadh ardchomhréir de na cistí a infheistiú in airgead agus ba é an príomhchuspóir infheistíochta do go leor cistí tairbhíthe toradh caipitil seachas toradh ar chaipiteal.

Leanann luaineacht bheith le sonrú sna margaí airgeadais. Is éard is údar leis seo líon tosca, lena n-áirítear buarthaí leanúnacha faoi thodhchaí limistéar an Euro, tionchar an chúlaithe gheilleagraigh ar go leor geilleagair AE agus dhomhanda, agus an ghéarchéim bhaincéireachta i líon tíortha AE agus leibhéil neamh-inmharthana fiachais. I dtaobh an tsuimh ar an iomlán don dá mhí dhéag go dtí an 30 Meán Fómhair 2012, bhí feidhmíocht dhearfach le sonrú, cé gurbh íseal go leor do na torthaí i dtaca le cistí sa Chiste Airgid GRU. Ciallaíonn an cur chuige stuama bainistíochta nárbh ann d'aon chailteanais neamhréadaithe nó réadaithe le linn na tréimhse atá faoi chaibidil, do gach ceann de na cistí a infheistíodh sna straitéisí aonadaithe.

Léiríonn Tábla 1 thíos an fheidhmíocht de réir ráithe le haghaidh gach cinn de na cistí infheistíochta. Léiríonn an fheidhmíocht laghdaithe i gCistí na Seirbhíse Cúirteanna ar bhonn ráithe ar ráithe na torthaí fíor-isle ar an gCiste Airgid GRU de réir mar a lorgaimar sláine ní ba mhó caipitil le haghaidh cistí áirithe. Is cúis imní timpeallacht an ráta úis agus tá monatóireacht dhlúth á dhéanamh ag an gCoiste Infheistíochta air seo i gcomhar lenár gcomhairleoirí. Léirigh an fheidhmíocht fheabhsaithe sa Chiste Comhardaithe, a chuir deireadh leis an mbliain airgeadais roimhe seo, an 30 Meán Fómhair 2011, le feidhmíocht dhiúltach, aisghabháil shuntasach sa bhliain airgeadais reatha le toradh foriomlán +9.62% (2011: -0.36%) do na 12 mhí.

Tábla 1: Feidhmíocht Infheistíochta Ráithiúil




## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEANÚINT)

Léirigh cistí cúirte feidhmíocht fhoriomlán thréan infheistíochta ó bunaíodh na socrúithe reatha infheistíochta i Nollaig 2003. Faoi láthair tá comhréir shuntasach de na cistí (89%) á coimeád i sócmhainní agus i mbannaí airgeadbhunaithe. Tá nochtadh 11% do ghnáthscaireanna i gceist (féach Tábla 5 thíos). Chosain an fheidhmíocht thréan charnta infheistíochta ó bunaíodh cistí nua aonadaithe mar aon leis an athbhreithniú ar an meascán comhdhéanta de straitéisí infheistíochta na Seirbhíse Cúirteanna cistí cúirte ón tionchar ba mheasa den luaineacht sna margaí airgeadais, go háirithe le linn 2008 agus 2009. Amhail is féidir a fheiceáil i dTábla 2, bhí an fheidhmíocht charnach infheistíochta ó bunaíodh na cistí nua aonadaithe i Nollaig 2003 (bunaíodh an Ciste Airgid i Meitheamh 2006) idir 11.4% don Chiste Airgid agus 44.58% don Chiste Comhardaithe.

Tábla 2:



**\*Nóta: Tosaíodh an Ciste Airgid i Meitheamh 2006**

Ba shásúil feidhmíocht infheistíochta i rith na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2012, faoi na cúinsí a bhí i gceist. Threisigh géarchéim limistéar an Euro an tábhacht lenar bhain an straitéis stuama lenar ghlac an tSeirbhís Chúirteanna.

I ndiaidh chur i gcrích chleachtadh tairisceana na seirbhísí bainistíochta infheistíochta, d'fhaomh an Coiste Infheistíochta, le tacaíocht ónár gcomhairleoirí infheistíochta, tograí do thrí straitéis nua a bhí airgeadbhunaithe go príomha ag a raibh sé de bhunchuspóir sláine chaipitil a chinntiú laistigh de na tréimhsí éagsúla ama infheistíochta ina raibh coinne go bhfanfadh na cistí i dtaca le cásanna aonair sa chúirt. Ina theannta sin, faomhadh straitéis nua um borradh ioncaim. Tá coinne leis go gcuirfear iad seo i bhfeidhm in 2013.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEANÚINT)


#### Leithdháileadh Sócmhainní:

Cuireann déanamh cinní infheistíochta prionsabail stuama infheistíochta i gcuntas, sa chás go bhféadfadh caomhnú caipitil bheith mar an gcuspóir uileghabhálach le haghaidh duine aonair, agus i gcásanna eile, d'fhéadfadh gá bheith le straitéis um borradh ioncain a leanúint. Cuirtear infheistíocht cistí i straitéis um borradh ioncain in iúl d'ionadaithe na dtairbhíthe sula ndéanann Oifig na gCoimircithe Cúirte an infheistíocht. Déanann Oifig na gCoimircithe Cúirte gach cás den sórt sin a athbhreithniú, agus má thagann athrú ar chúinsí an tairbhí, féadtar an straitéis a éagsúlú dá réir sin. Le linn na tréimhse faoi chaibidil, d'iarr Oifig na gCoimircithe Cúirte ar aistriú cistí maidir le cásanna áirithe coimircíochta isteach chuig an gCiste Comhardaithe. I gcásanna den sórt sin, coimeádtar sealúchas ar leith airgid chun íoc as íocaíochtaí leanúnacha tréimhsiúla thar thréimhse trí bliana. Bunaithe ar an bprótocal reatha infheistíochta le haghaidh cistí cúirte, tugtar breac-chuntas i dTábla 3 ar mheascán sócmhainní na gceithre straitéis ag deireadh Mheán Fómhair 2012. Is éard atá i gCiste Airgid an GRU meascán d'ionstraimí an-ghearra dualgas fiachais arna eisiúint ag aon Rialtas nó Gníomhaireacht Rialtais, ag a bhfuil rátáil íosta chreidmheasa AA (S&P) agus AA2 (Moody's) agus ionstraimí margadh airgid lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do Theastais Pháipéir Tráchtála Taisce ag a bhfuil rátálacha íosta creidmheasa A-1, P-1, nó F1 le haghaidh rátálacha gearrthearma agus/nó A, A2 le haghaidh rátálacha fadtéarma ag ar a laghad dhá cheann de na gníomhaireachtaí rátálacha. Ag tús Shamhain 2012, rinneadh gach ceann de na straitéisí Airgid a chónascadh isteach sa Chiste Airgid Plus, d'fhonn aistriú na gcistí chuig na socruithe nua infheistíochta a éascú in 2013.

Tábla 3 – Meascán Sócmhainní na gCistí Cúirte amhail an 30 Meán Fómhair 2012


Aicme Sócmhainní an Chiste Speictrim	Straitéis 0: Airgid GRU	Straitéis 1: an Ciste Airgead Plus	Straitéis 2: Banna Plus	Straitéis 3: Ciste Comhardaithe
Ciste Airgid GRU	100%	100%	100%	45%
Ciste Banna GRU				20%
Ciste Gnáthscaireanna Euro GRU				15%
Ciste Gnáthscaireanna Domhanda Iar-Limistéar an Euro GRU				20%
<b>Iomlán</b>	<b>100%</b>	<b>100%</b>	<b>100%</b>	<b>100%</b>

Tábla 4 – Léiríonn an tábla seo an céatadán de leithdháileadh na gcistí cúirte do gach straitéis amhail an 30 Meán Fómhair 2012



Maidir le Cistí SSgA, léirítear na bunaicmí sócmhainní ina ndéantar na cistí a infheistiú i dTábla 5 thíos.

Tábla 5 – Leithdháileadh Aicme Sócmhainne le haghaidh Cistí SSgA



### Cur Chuig Infheistíochta

Baineann an straitéis infheistíochta a ghlac an tSeirbhís Chúirteanna le bainistiú bannaí agus gnáthscaireanna ar bhonn éighníomhach, agus déantar bainistíocht ar airgead ar bhonn gníomhach. Is Comhbhainisteoirí Infheistíochta iad State Street Global Advisors Ireland Limited (SSgA) agus State Street Global Advisors London (SSgA) a dhéanann an Ciste Airgid a bhainistiú.

Bhunaigh SSgA an struchtúr infheistíochta seo a leanas mar fhreagra ar na ceanglais infheistíochta do chistí cúirte agus le faomhadh Bhanc Ceannais na hÉireann (féach Tábla 6).

### Cistí Infheistíochta

Tugtar breac-chuntas ar phríofíil gach Ciste Speictrim amhail an 30 Meán Fómhair 2012 thíos:


#### **Ciste Airgid an GRU, Ciste Speictrim Airgid Plus agus Ciste Speictrim Banna Plus:**

Is é bunchuspóir na dtrí straitéis seo luach an chaipitil a infheistiú a choimeád. Infheistítear 100% den mheascán d'ionstraimí sócmhainne sa Chiste Airgid SSgA. Meascán d'ionstraimí éagsúla faofa de Bhillí Cisteáin, Páipéar Tráchtála agus Teastais Taisce ar a ndéantar bainistíocht ghníomhach atá i gceist leis seo. Is é innéacs tagarmhairc an Chiste Airgid SSgA GRU Innéacs 3 mhí Euribid.

#### **Ciste Comhardaithe Speictrim:**

Is é cuspóir infheistíochta na straitéise seo meascán d'ioncam réasúnta agus de bhorradh caipitil a bhaint amach. D'fhéadfadh na torthaí bheith faoi réir éagsúlachtaí margaidh agus is ann do riosca go bhféadfadh an luach titim mar aon le méadú. Úsáidtear an Ciste Comhardaithe SSgA le haghaidh chistí na gCoimircithe Cúirte ach amháin nuair a bhíonn coinne leis go n-infheisteofar na cistí ar feadh tréimhse fhada agus teastaíonn leibhéal maith de thorthaí infheistíochta ó shealbhóir cuntais chun caiteachas tuartha a bhaint amach. Is éard atá i gceist le meascán sócmhainne an Chiste Comhardaithe SSgA meascán de ghnáthscaireanna (35%), bannaí (20%) agus d'airgead (45%). Is comhábhar é an t-innéacs tagarmhairc de na hinnéacsanna a rianaíonn gach ceann de Chistí SSgA GRU. Is é cuspóir an chiste a innéacs tagarmhairc a rianú agus ní mór an difríocht idir toradh an chiste agus toradh an innéacs a choimeád a ísle agus is féidir.

Tábla 6 – Struchtúr Infheistíochta



San Iontaobhas Aonad Speictrim SSgA a léirítear i dTábla 6 thuas, infheistíonn na tairbhíthe sna Cistí Speictrim (atá aibhsithe sa dath gorm). Tar éis sin, infheistítear na cistí sin sna cistí sonracha margaidh faoina mbun (atá aibhsithe sa dath buí), de réir na gcomhréireanna a thugtar i dTábla 3. Infheistítear 100% de Chiste Airgid GRU, agus den Chiste Airgid Plus agus de Chiste Banna Plus sa Chiste Airgid Euro SSgA GRU. Infheistíonn an Ciste Comhardaithe 45% sa Chiste Airgid Euro GRU, 20% sa Chiste Banna GRU, 15% i nGnáthscaireanna Domhanda Iar-Limistéar an Euro GRU.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEANÚINT)

---

#### SOCRUITHE RIALACHAIS

##### Bainistíocht na gCistí Cúirte:

Is forbhreathnú an méid a leanas ar na socruithe rialachais agus bainistíochta atá i bhfeidhm i ndáil le cistí na cúirte:

- **An Coiste Infheistíochta:** Bunaíodh an Coiste Infheistíochta sa bhliain 2002 le maoirsiú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na socruithe ar thug an Bord faomhadh dóibh maidir le bainistiú agus infheistiú chistí na cúirte. Is éard atá i mballraíocht an Choiste ná ionadaithe na mbreithiúna, oifigigh na Seirbhíse Cúirteanna, oifigigh agus baill neamhspleácha sheachtracha. (Féach ballraíocht an Choiste ar leathanach 6). Tagann an Coiste le chéile go rialta chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha ón Stiúrthóir Airgeadais, Comhairleoirí Infheistíochta agus Bainisteoirí Infheistíochta.
- **Comhairleoirí Infheistíochta:** Faoi láthair, cuireann Aon Hewitt comhairle neamhspleách infheistíochta ar fáil don tSeirbhís Chúirteanna maidir le bainistíocht agus infheistíocht cistí cúirte. Is é ról an chomhairleora infheistíochta comhairle ghairmiúil neamhspleách infheistíochta a chur ar an gCoiste Infheistíochta maidir leis an mbeartas oiriúnach infheistíochta agus leis na straitéisí oiriúnacha infheistíochta a dheimhniú chun freastal ar riachtanais tairbhíthe agus freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht infheistíochta agus ar fheidhmíocht bhainisteoirí ciste. Ar na freagrachtaí atá orthu tá comhairle a chur ar fáil ar réimse ábhar lena mbaineann bainistíocht agus infheistíocht cistí cúirte. Ina theannta sin, tacaíonn siad leis an gCoiste Infheistíochta agus leis an tSeirbhís Chúirteanna maidir le roghnú agus ceapadh bainisteoirí ciste agus airíoch.
- **Bainisteoirí Infheistíochta:** Cheap an tSeirbhís Chúirteanna SSgA Ireland Limited (Bainistíocht Sócmhainní Bhanc na hÉireann roimhe seo) agus State Street Global Advisors mar chomhbhainisteoirí Infheistíochta in 2003. Tar éis tairiscint AE do sholáthar seirbhísí bainistíochta ciste in 2011, tháinig SSgA chun cinn mar an rogha soláthróra agus moladh iad don Bhord lena gceapadh. Tá Comhaontú nua Bainistíochta Infheistíochta á chur i gcrích faoi láthair.
- **Iniúchadh Seachtrach:** Déanann iniúcháirí neamhspleácha seachtracha iniúchadh ar ráitis bhliantúla airgeadais Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúna. Cuireann Grant Thornton na seirbhísí iniúchta sheachtraigh ar fáil faoi láthair. Féadtar teacht ar na ráitis iniúchta airgeadais ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna ([www.courts.ie](http://www.courts.ie)).
- **Iniúchadh Inmheánach:** Tá Oifig an Chuntasóra faoi réir iniúchta ag Aonad Iniúchta Sheachtraigh na Seirbhíse Cúirteanna.
- **Bainistíocht Riosca:** Mar chuid den bheartas agus den chreatlach bhainistíochta riosca arna gcur i bhfeidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna a thagann na cistí cúirte faoi réir monatóireacht agus athbhreithniú rialta lena chinntiú go mbainistítear gach mór-riosca go leordhóthanach.
- **Lár-Oifig na gCistí:** Tar éis athruithe a rinneadh ar Rialacha na Cúirte Cuarda agus Dúiche, is leis an gCuntasóir anois an t-údarás dlíthiúil chun cistí a bhainistiú agus a infheistiú ón dá dhlínse sin, faoi réir an ordaithe cúirte iomchuí bheith déanta. Táthar tar éis tograí reachtúla a chur faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun Lár-Oifig Cistí a bhunú; oifig a dhéanfaidh foráil, i measc rudaí eile, d'iniúchadh na gcistí sin ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

#### FORLÉARGAS OIBRÍOCHTÚIL

##### Oifig an Chuntasóra

Le linn na bliana, phróiseáil Oifig an Chuntasóra 65,914 idirbheart (59,206 sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2011). Is ionann sin agus luach breis agus €2.75 billiún (€1.1 billiún sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2011). Léiríonn seo méadú 11% ar idirbhearta a phróiseáil an oifig. Táthar ag súil leis go méadófar an ghníomhaíocht in Oifig an Chuntasóra sa bhliain 2013 nuair a aistrefar na cistí uile aonadaithe chuig na socruithe nua infheistíochta agus nuair a ghlacfar le hobair bhreise, mar shampla, na Lóisteálacha

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### TUARASCÁIL CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEANÚINT)

---

le Cosaint d'oibríochtaí na Cúirte Cuarda agus Dúiche. Bhí breis agus 99% de na híocaíochtaí go léir arna bpróiseáil in Oifig an Chuntasóra don bhliain airgeadais faoi chaibidil laistigh de na heochairtháscairí feidhmíochta a leagtar amach d'Oifig an Chuntasóra as ar eisíodh 53% de na híocaíochtaí trí ríomhaistriú cistí (EFT).

#### **Cónascadh Oifig an Chuntasóra agus Oifig Chuntasaíochta na gCúirteanna**

Tá Oifig an Chuntasóra (CCB) freagrach as gnéithe cuntasaíochta agus infheistíochta cistí a choimeádtar in iontaobhas ag na cúirteanna, go háirithe airgead lena mbaineann coimircithe cúirte agus mionaóisigh. Bunaíodh Oifig Chuntasaíochta na gCúirteanna (OCC) in 2007 mar chuid de nuachóiriú oibríochtaí airgeadais na gCúirteanna Dúiche. Tá siad freagrach as íocaíochtaí dlí teaghlaigh, bailiú fíneálacha, banna, táillí agus íocaíochtaí boscaí déirce.

I gcomhthéacs na n-acmhainní ar a bhfuil laghdú ag teacht sa tSeirbhís Chúirteanna agus i mbaint amach éifeachtúlachtaí feabhsaithe, cónascadh oifigí an CCB agus an OCC in Iúil 2012. Is éard a d'eascair as seo coigiltí foirne a chuireann ar chumas na foirne a athfhostú i limistéir oibríochtúla na Seirbhíse Cúirteanna. Tá athbheithniú á dhéanamh faoi láthair ag an gcomhoibríocht nua ar gach próiseas agus nós imeachta d'fhonn breis barainneachtaí scála agus sineirgí a bhaint amach.

#### **Ciste Cúitimh Árachais**

Bunaíodh an Ciste Cúitimh Árachais (an Ciste) faoin Acht Árachais, 1964 (an tAcht) chun socruithe a dhéanamh chun dliteanais áirithe árachóirí dócmhainneacha a bhaint amach. Tá an Ciste á choimeád agus á riar faoi rialú Uachtarán na hArd-Chúirte a ghníomhaíonn trí Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais. Íoctar suimeanna ón gCiste, le faomhadh na hArd-Chúirte, le duine maidir le hárachóir sa leachtacht nó i riarachán, maidir le héilimh faoi pholasaithe arna n-eisiúint ag an árachóir dócmhainneach faoi chúinsí ina meastar gur dócha gur féidir na héilimh a bhaint amach ar bhealach eile.

Is creidiúnaí an árachóra dhócmhainnigh a fuair na cistí Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ('an Cuntasóir'), maidir le suim a íocadh amach ón gCiste. Tá ag an mBanc Ceannais freagracht as a dheimhniú cibé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn tacaíocht airgeadais ón gCiste agus an leibhéal ranníocaíochta atá le híoc ag árachóirí leis an gCiste. Tháinig tobhach i bhfeidhm an 1 Eanáir 2012. Tá an tobhach seo iníoctha ag árachóirí leis na Coimisinéirí Ioncaim, atá freagrach as a bhailiú agus as a aistriú dá éis sin chuig an gCiste. I gcomhréir le hAlt 5 d'Acht 1964, sa chás nach bhfuil sa Chiste dóthain cistí le híoc as íocaíocht a fhaomhann an Ard-Chúirt, féadfaidh an tAire Airgeadais, ar mholadh an Bhainc Cheannais, airgead a chur isteach sa Chiste ón Lár-Chiste ionas gur féidir íocaíocht amach ón gCiste a dhéanamh.

Cuireann an Cuntasóir ráiteas iomlán ar an gCiste don Roinn Airgeadais agus don Bhanc Ceannais gach bliain agus cuireann siad i dtaifead infheistíocht na gcistí i ráitis airgeadais Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais amháin. Le linn na bliana faoi chaibidil, rinne an Cuntasóir íocaíochtaí ar a raibh luach airgid €786 milliún ón ICF a phróiseáil. Bhí luach airgid €757,959,563 ar na fáltais iomlána don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2012.

Ba mhian liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann in Oifig an Chuntasóra as ucht na hoibre den scoth a rinneadh i rith na bliana agus an méadú suntasach ar ualach oibre na hoifige á bhainistiú. Chuir siad go mór le sár-sheirbhís a sholáthar do mheascán fairsing cliant. Ina theannta sin, is mian liom an tacaíocht a thug aonaid ghnó eile sa tSeirbhís Chúirteanna agus soláthróirí seachtracha seirbhíse a chuir ar chumas Oifig an Chuntasóra a gcuipóirí a bhaint amach i rith na bliana.



**Seán Quigley**  
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

**Dáta: An 19 Nollaig 2012**



## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### RÓL OIFIG NA gCOIMIRICITHE CÚIRTE

---

Baineann méid suntasach de na cistí atá á mbainistiú ag Oifig an Chuntasóra le daoine aonair atá ina gCoimircithe Cúirte agus a ndéanann Oifig na gCoimircithe Cúirte a bhainistiú. Breac-chuntas achomair is ea an méid a leanas ar obair Oifig na gCoimircithe Cúirte.

Tá go leor daoine ann a chailleann an cumas a bhí acu, mar thoradh ar thinneas nó timpiste, chun cinntí a dhéanamh dóibh féin; tá go leor daoine eile a bheirtear faoi mhíchumas intleachtúil agus nach bhfuil in ann aire a thabhairt dá ngnóthaí féin riamh.

Ceadaíonn córas na gCoimircithe Cúirte cinntí ionadacha a dhéanamh ionas go bhféadann an Chúirt na cinntí a dhéanamh is gá leis an duine a chosaint agus le cosaint a dhéanamh ar mhaoin na ndaoine sin nach bhfuil lánchumas meabhrach acu. Is é bunphrionsabal na dlínse Coimircíochta ná go bhfeidhmíonn an Chúirt ar an mbealach céanna agus a d'fheidhmeodh tuismitheoir stuama maidir le leas linbh.

Ní chuireann reacht aon teorainn leis an dlínse Choimircíochta, cé go ndéanann reachtaíocht agus rialacha cúirte foráil dlí, agus is dlínse í a fheidhmíonn an Chúirt faoi réir fhorálacha an Bhunreachtá amháin. Dá bhrí sin, tá cumhachtaí agus dualgais fhíor-leathana ag an gCúirt i ndáil le daoine faoi mhíchumas. Tá Uachtarán na hArd-Chúirte freagrach as an dlínse agus, dá réir sin, tá an fhreagracht air nó uirthi as gnóthaí na gCoimircithe Cúirte a bhainistiú. Tarmligeann sé freagracht na gnáthbhainistíochta ar an gCláraitheoir agus ar fhoireann Oifig na gCoimircithe Cúirte. Bunaíodh Oifig na gCoimircithe Cúirte agus post Chláraitheoir na gCoimircithe Cúirte faoi Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961. I gcomhréir leis an reachtaíocht seo, tá freagracht reachtúil ar Oifig na gCoimircithe Cúirte agus ar Chláraitheoir na gCoimircithe Cúirte as bainistíocht a dhéanamh ar ghnóthaí daoine atá ina gCoimircithe Cúirte. Ceapann an Chúirt Coiste, ar duine muinteartha de theaghlach an Choimircí é de ghnáth, agus iarrtar air moltaí a dhéanamh ar ábhair éagsúla, mar shampla leas agus maoin an Choimircí agus a ionad nó a hionad cónaithe amach anseo.

Tagann Coimircíocht chun cinn i gcásanna ina mbíonn maoin ag duine atá faoi mhíchumas, ar gá í a chur in oiriúint ar mhaithe lena chothabháil nó a cothabháil agus a leas. Mar shampla, d'fhéadfadh go gcaithfí teach a dhíol nó cistí a aistarraingt ó chuntas bainc chun íoc as cúram i dteach altranais. Taisctear cistí le Coimircithe sa Chúirt i ndiaidh díola nó cuntais bhainc a dhúnadh, agus coinnítear iad faoi rialú Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnaí. Tá an Cláraitheoir freagrach as an Cuntasóir a stiúradh chun cistí Coimircí Cúirte a infheistiú i gcomhréir le prótacal Infheistíochta na Seirbhíse Cúirteanna, amhail a mholann ár gcomhairleoirí infheistíochta, agus as díscáoileadh íocaíochtaí a údarú thar ceann na gCoimircithe. Deimhníonn an Cláraitheoir an straitéis chuí infheistíochta do gach cás ar leith i gcomhréir le prótacal infheistíochta na Seirbhíse Cúirteanna. Roghnaíonn an Cláraitheoir an cinneadh maidir leis an straitéis chuí, ag féachaint do shócmhainní an Choimircí agus a chuid nó a cuid riachtanais leanúnacha airgeadais. Infheistítear na cistí sin ionas go ndéanfaidh siad foráil, de réir mar is féidir, do na riachtanais sin don chuid eile de shaol an Choimircí. Tá an Cláraitheoir freagrach, freisin, as an gCuntasóir a stiúradh, sa chás cuí, chun dóthain airgid a infheistiú in infheistíocht ar leith airgid, ar ceart di bheith comhionann le híocaíochtaí cothabhála agus íocaíochtaí eile tuartha trí bliana.

Glactar mionaoisigh, ar daoine faoi ocht mbliana déag d'aois iad, faoi Choimircíocht uaireanta. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh nuair atá an mionaoiseach i dteideal suim shuntasach airgid a d'eascair as dámhachtain Chúirte nó as oidhreacht. Arís eile, déantar na cistí a infheistiú de réir chinneadh an Chláraitheora i gceann amháin de na ceithre straitéis. Déantar íocaíochtaí rialta le tuismitheoirí nó le caomhnóirí an mhionaoisigh. Tá an mionaoiseach i dteideal fuilleach na gcistí a fháil agus ocht mbliana déag d'aois bainte amach acu, mura bhfuil fianaise leighis ann a léiríonn éagumas meabhrach.

**OIFIG CHUNTASÓIR NA GCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS**  
**TUARASCÁIL AN BHAINISTEORA INFHEISTÍOCHTA**

**Feidhmíocht na gCistí GRU (an bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2012)**

	<b>Ciste Airgid Euro SSgA GRU</b>	<b>Ciste Innéacs Banna SSgA GRU EMU</b>	<b>Ciste Gnáthscaireanna Innéacs Limistéar an Euro SSgA GRU</b>	<b>Ciste Gnáthscaireanna Domhanda Innéacs Iar-Limistéar an Euro</b>
<b>Toradh Punainne</b>	0.36%	6.81%	17.65%	28.59%
<b>Toradh Tagarmharcála</b>	1.12%	6.82%	17.52%	28.35%
<b>Difríocht</b>	-0.75%	-0.02%	+0.13%	+0.24%

**Feidhmíocht na gCistí Speictrim (an bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2012)**

	<b>Ciste Airgid Plus SSgA</b>	<b>Ciste Banna Plus SSgA</b>	<b>Ciste Comhardaithe SSgA</b>
<b>Toradh Punainne</b>	0.36%	0.37%	9.76%
<b>Toradh Tagarmharcála</b>	1.12%	1.12%	9.58%
<b>Difríocht</b>	-0.76%	-0.75%	+0.18%

**Nótaí:**

Léirítear torthaí punainne comhiomlán de na táillí bainistíochta.

Is ón tréimhse an 1 Deireadh Fómhair 2011 go dtí an 30 Meán Fómhair 2012 torthaí bliain amháin agus is i dtéarmaí Euro atá siad. Is é Euribid 3 mhí na tagarmharcanna le haghaidh Ciste SSgA Airgid Plus agus Ciste Banna Plus SSgA. Tagarmharc ilchodach ag a bhfuil comhábhar atá glan ó cháin shiarchoinneálach díbhinne do-aisghabhála atá i gceist don tagarmharc do Chiste Comhardaithe SSgA.

**Ciste Airgid Euro SSgA GRU**

Ba thréimhse í seo inar thit an-chuid imeachtaí amach le haghaidh infheisteoirí airgid, de réir mar a d'iontráil an tírdhreach infheistíochta limistéar anaithnid i ndiaidh go ndeachaigh an Banc Ceannais Eorpach (BCE) i mbun an bhirt gan choinne chun an ráta taisce a ghearradh (le haghaidh cúlchistí breise) go dtí neamhní. Níor ghearr aon mhórbhanc ceannais eile an ráta úis ar chúlchistí breise go dtí neamhní riamh roimhe seo, ar eagla go mbeadh na hiarmhairtí anaithnide i gceist agus ar easpa áitiúis maidir lena éifeachtacht. Ní raibh an dara rogha ag an BCE ach dul i mbun an bhirt seo agus aird ar a ndrogall chun tabhairt faoi Éascú Cainníochtúil agus níos tábhachtaí ná sin, mar gheall ar an méid leachtacht bhreise a chuir siad ar fáil tríd an dá Oibríocht Fhadtéarma Athmhaoinithe (LTROanna). Mar gheall go raibh go leor den leachtacht seo á fágáil ar ais leo ag an áis taisce, bhí an BCE meáite ar bhainc a spreagadh chun rud éigin eile a dhéanamh leis an leachtacht seo seachas airgead a íoc leo mar gheall gur bhailigh siad é.

Ba shuntasach don tionchar ar na margaí Airgid. Agus go leor banc "dea-chistithe", mar dhea, mar gheall ar na LTROanna, tá anois acu beag éileamh ar chistiú gearrthearma ó infheisteoirí agus tá laghdú suntasach tagtha ar a rátaí agus ar a gcumas soláthair. In go leor cásanna, is fíor-íseal do na rátaí a íocfaidh ar neisitheoirí faofa SSgA le haghaidh cistiú amach a fhad le 90 lá agus fiú idir neamhní agus figiúirí diúltacha i roinnt cásanna. Ina theannta sin, rinneadh margadh airgid a athphraghsáil go suntasach i rith na tréimhse eachtrúla seo. Tháinig laghdú anuas ó 0.39% go dtí 0.10% ar rátaí thar oíche arna dtomhas ag Eonia mar thoradh ar an laghdú ar an ráta taiscí go dtí 0%. Ina theannta sin, bhog cuairt Euribor níos ísle go tapa agus tháinig laghdú ar rátaí tosaigh, amach le 2 mhí, go dtí nó faoi bhun 0.10%. Tháinig laghdú breis agus 0.60% ar rátaí feadh an chuair de réir mar a cuireadh iallach ar infheisteoirí feadh an speictrim aibíochta chun toradh a bhaint. Tháinig laghdú anuas ó 0.78% go dtí 0.22% ar rátaí trí mhí agus shocraigh rátaí sé mhí thart ar 0.44%. Leanann margaí le dul i dtáthí leis an timpeallacht nua seo, ach is cinnte gur théama tréan seo an gá le hinfeistiú a dhéanamh níos faide feadh an chuair chun torthaí dearfacha a chur faoi úrrús.

Cruthaíonn an timpeallacht nua seo dúshlán nua ó pheirspictíocht straitéis infheistíochta don chiste. Cé go leanaimid le díriú ar phríomhchaomhnú a sheachadadh, táimid anois dírithe ar thorthaí dearfacha a shíneadh. Ar an ábhar sin, tá líon coigeartaithe déanta againn ar ár straitéis i bhfianaise na bhforbairtí seo

## **OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS**

### **TUARASCÁIL AN BHAINISTEORA INFHEISTÍOCHTA (AR LEANÚINT)**

---

margaidh d'fhonn toradh a chosaint agus d'fhonn a sheachaint aon infheistíochtaí a dhéanamh ar thorthaí diúltacha. Tá síneadh straitéiseach curtha againn le WAM an chiste le linn na tréimhse agus leanaimid le hé a choimeád ag bun uachtarach an spriocréimse thar 50 lá agus an phunann a choimeád infheistithe in ionstraimí an-ardchaighdeánacha Margadh Airgid.

#### **Ciste Innéacs Banna SSgA GRU EMU**

Is é an tagarmharc don Chiste seo Innéacs EMU Bank of America Merrill Lynch Rialtas Díreach ag a bhfuil Rátáil AA/AAA. Déantar bainistíocht éighníomhach ar an gCiste seo i leith an tagarmhairc seo. B'ionann toradh an tagarmhairc agus 6.82% don dá mhí dhéag atá faoi athbhreithniú. B'ionann feidhmíocht an Chiste agus 6.81% thar an tréimhse. Neamhfheidhmigh an Ciste an tagarmharc faoi 1 bhonnphointe. Tá sonraí feidhmíochta glan ó choinneáil agus costais eile, lena n-áirítear táillí iontaobhaí agus iniúchta.

#### **Ciste Gnáthscaireanna Innéacs Limistéar an Euro SSgA GRU**

Is é an tagarmharc don Chiste seo Innéacs FTSE Eurobloc. Déantar bainistíocht éighníomhach ar an gCiste seo i leith an tagarmhairc seo. B'ionann toradh an tagarmhairc agus 17.52% don dá mhí dhéag atá faoi athbhreithniú. B'ionann feidhmíocht an Chiste agus 17.65% thar an tréimhse. Neamhfheidhmigh an Ciste an tagarmharc faoi 13 bhonnphointe. Tá sonraí feidhmíochta glan ó choinneáil agus costais eile, lena n-áirítear táillí iontaobhaí agus iniúchta. Is é an toradh tagarmhairc an toradh ábhartha innéacs FTSE arna choigeartú ag SSgA le haghaidh cáin shiarchoinneálach díbhinne do-aisghabhála.

#### **Ciste Gnáthscaireanna Domhanda Innéacs Iar-Limistéar an Euro**

Is é an tagarmharc don Chiste seo Innéacs Domhanda Forbartha FTSE Iar-Eurobloc. Déantar bainistíocht éighníomhach ar an gCiste seo i leith an tagarmhairc seo. B'ionann toradh an tagarmhairc agus 28.35% don dá mhí dhéag atá faoi athbhreithniú. B'ionann feidhmíocht an Chiste agus 28.59% thar an tréimhse. Neamhfheidhmigh an Ciste an tagarmharc faoi 24 bhonnphointe. Tá sonraí feidhmíochta glan ó choinneáil agus costais eile, lena n-áirítear táillí iontaobhaí agus iniúchta. Is é an toradh tagarmhairc an toradh ábhartha innéacs FTSE arna choigeartú ag SSgA le haghaidh cáin shiarchoinneálach díbhinne do-aisghabhála.

**State Street Global Advisors Ireland Limited**  
**Samhain 2012**

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN CHUNTASÓRA

---

### RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN CHUNTASÓRA

Bunaíodh Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais (CCB) agus post an Chuntasóra faoi Alt 15 agus 16 faoi seach den Acht Oifigigh Cúirte, 1926. Ní foláir don Chuntasóir trí Ordú 77, Rial 83 de Rialacha na nUaschúirteanna cuntas a ullmhú an 31 Márta nó roimhe sin, cuntas a léiríonn suim iomlán na gcistí a íocadh nó a aistríodh chuig an gCúirt agus ón gCúirt sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair le linn na bliana roimhe sin. Ní mór go léireoidh an cuntas comhardú na gcistí sa Chúirt ag tús na bliana agus ag deireadh na bliana chomh maith leis sin. Éilítear go gcuirfí cóipeanna den chuntas ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus chuig an Aire Airgeadais. Leagtar amach an bunús ullmhúcháin agus na beartais chuntasaíochta ar leathanach 29.

Bíonn gá le Cuntasóir chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliain airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí oifig an CCB agus ar thorthaí oifig an CCB don tréimhse sin. Agus na ráitis siúd airgeadais á réiteach, ceanglaítear ar an gCuntasóir:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú do Ráitis Airgeadais an CCB agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach mura cuí a mheas go leanfaidh an CCB i mbun feidhme.

### RÁITEAS MAIDIR LEIS AN gCÓRAS RIALAITHE INMHEÁNAIGH AIRGEADAIS

Aithníonn an Cuntasóir an fhreagracht atá air as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil i ndáil le hoibriú Oifig an Chuntasóra.

Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhu go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

#### ***Príomhnósanna Imeachta Rialaithe***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú
- tá ról agus freagrachtaí sainmhínithe go soiléir i bhfeidhm

Tá feidhm inmheánach iniúcháireachta ann, faoi na socruithe a bhunaigh Bord na Seirbhíse Cúirteanna, agus oibríonn an fheidhm sin laistigh de chairt cheadaithe. Ceann d'eochairfheidhmeanna an aonaid iniúchta inmheánaigh is ea tuairisciú a dhéanamh i leith leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a oibríonn Oifig an Chuntasóra.



**Seán Quigley**  
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

**Dáta: An 19 Nollaig 2012**

## **TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH CHUIG OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS**

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2012, iniúchadh a chuimsíonn an Ráiteas maidir le Sócmhainní agus Dlíteanais, an Ráiteas maidir le hOibríochtaí agus an Ráiteas maidir le hAthruithe sna Glansócmhainní agus na nótaí gaolmhara 1 go dtí 18. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi réir na mbeartas cuntasáíochta a leagadh amach ann.

Is don Chuntasóir agus dó sin amháin an ullmhaítear an tuarascáil seo, de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83. Tugadh faoinár n-obair iniúchta ionas go bhféadfaimid na hábhair sin nach foláir dúinn a lua i dtuarascáil iniúchóirí a lua leis an gCuntasóir agus chun na críche sin amháin. A mhéad is mó a cheadaítear le dlí, ní dhéanaimid aon fhreagracht a ghlacadh ná a ghabháil orainn féin d'aon duine ach amháin an Cuntasóir as ár n-obair iniúchóireachta, i leith na tuarascála seo, nó na dtuairimí atá ceaptha againn.

### **Freagrachtaí an Chuntasóra agus na nIniúchóirí faoi seach**

Is é an Cuntasóir atá freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú, lena n-áirítear, de réir mar a leagtar amach sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gCuntasóirí, ullmhú na ráiteas airgeadais de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83 agus na caighdeáin chuntasáíochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasáíochta agus arna fhoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasáíochta a bhfuil Glacadh leis go Ginearálta in Éirinn).

Tá sé mar fhreagracht orainn, mar iniúchóirí neamhspleácha, na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir riachtanais dlí agus rialála ábhartha agus Caighdeáin Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (an RA agus Éire).

Tuairiscímid ár dtuairim duit cibé acu an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom agus an ullmhaítear go cuí iad de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83 agus na caighdeáin chuntasáíochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasáíochta agus arna fhoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasáíochta a bhfuil Glacadh leis go Ginearálta in Éirinn).

Léimid an fhaisnéis eile sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain thuas ar a n-áirítear Tuarascáil an Choiste Infheistíochta, Tuarascáil Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais, Tuarascáil an Bhainisteora Infheistíochta, an Fhaisnéis Chúlra agus Faisnéis Bhreise de réir mar a chuirtear síos uirthi sa chlár ábhar, agus rinneamar measúnú maidir lena dhlúithe a thagann sí leis na ráitis airgeadais iniúchta. Déanaimid breithniú ar na himpleachtaí dár dtuarascáil má thugaimid faoi deara aon mhíríteas nó aon neamh-chomhsheasmhacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

### **Bonn Thuairim an Iniúchta**

Thugamar faoinár n-iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an RA agus Éire) a d'eisigh an Bord Cleachtas Iniúchóireachta. Déantar scrúdú, mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhaisnéis atá ábhartha do na suimeanna agus don nochtadh sna ráitis airgeadais. Déantar measúnú, chomh maith, ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a dhéanann an Cuntasóir agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige agus chun a dheimhniú an bhfuil na beartais chuntasáíochta oiriúnach d'imthosca Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais, an gcuirtear i bhfeidhm iad ar bhonn comhsheasmhach agus an nochtar iad go cuí.

Rinneamar pleanáil dár n-iniúchadh agus thugamar faoi d'fhonn an fhaisnéis agus na sainmhínte go léir a fháil, faisnéis agus sainmhínte a mheasamar bheith riachtanach chun fianaise leordhóthanach a chur ar fáil dúinn le dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó neamhrialtachta nó earráide eile. Le teacht ar ár dtuairim, rinneamar meastóireacht ar a shásúla a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais.



# Grant Thornton

An instinct for growth™

## TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH CHUIG OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS (AR LEANÚINT)

### Tuairim

Is í ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais amhail an 30 Meán Fómhair 2012 agus ar a toradh don bhliain dar críoch an dáta sin de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Riail 83 agus na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta agus arna fhoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis go Ginearálta in Éirinn).

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a shíleamar a raibh gá leo ar mhaithe lenár n-iniúchadh a dhéanamh. Is í ár dtuairim gur choimeád Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais leabhair chuí chuntasaíochta. Tagann an ráiteas maidir le sócmhainní agus dliteanais agus an ráiteas maidir le hoibríochtaí leis na leabhair chuntais.

Grant Thornton  
Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe  
24-26 Cé na Cathrach  
Baile Átha Cliath 2  
Éire.

**Dáta: An 19 Nollaig 2012**

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

RÁITEAS MAIDIR LE SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS  
AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012

	<i>Nótaí</i>	30/9/2012 €	30/9/2011 €
<b>SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA</b>			
Infheistíochtaí	4	1,175,917,662	1,160,877,930
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Féichiúnaithe	5	10,809,458	17,239,885
Banc	6	2,952,425	1,189,366
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁNA</b>		13,761,883	18,429,251
<b>DLITEANAIS REATHA</b>			
Creidiúnaithe	7	(900,105)	(787,145)
<b>DLITEANAIS REATHA IOMLÁNA</b>		(900,105)	(787,145)
<b>GLANSÓCMHAINNÍ REATHA</b>		12,861,778	17,642,106
<b>GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA</b>		1,188,779,440	1,178,520,036
<b>Arna Léiriú ag:</b>			
Cistí atá á gcoimeád le haghaidh tairbhíthe	8	1,188,779,440	1,178,520,036

D'fhaomh an Cuntasóir na ráitis airgeadais an 19 Nollaig 2012.



**Seán Quigley**  
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

*Féach na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais*

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

RÁITEAS MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012

	<i>Nótaí</i>	30/9/2012 €	30/9/2011 €
<b>GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE</b>			
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh i rith na bliana	10	9,706,748	11,454,262
Glanathrú i ngnóthachain/(caillteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	11	15,294,712	(4,981,471)
Glancaillteanais réadaithe ar aistriú sócmhainní	12	(396,415)	(1,657)
<b>GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS ATHRÚ I NGNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE</b>			
		24,605,045	6,471,134
Ioncam Infheistíochta	13	276,399	255,156
		<u>24,881,444</u>	<u>6,726,290</u>
Costais	14	(1,897,508)	(1,476,920)
<b>MÉADÚ I NGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>		<u>22,983,936</u>	<u>5,249,370</u>

D'fhaomh an Cuntasóir na ráitis airgeadais an 19 Nollaig 2012.



**Seán Quigley**  
Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais

*Féach na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais*



OIFIG CHUNTASÓIR NA GCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

RÁITEAS MAIDIR LE HATHRUITHE SNA GLANSÓCMHAINNÍ  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012

	30/9/2012 €	30/9/2011 €
<b>MÉADÚ I NGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>		
Ioncam infheistíochta lúide costais	(1,621,109)	(1,221,764)
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	9,706,748	11,454,262
Glanathrú i ngnóthachain/(caillteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	15,294,712	(4,981,471)
Glancaillteanais réadaithe ar Aistrithe Amach i rith na bliana	(396,415)	(1,657)
	<hr/>	<hr/>
<b>MÉADÚ I NGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>	22,983,936	5,249,370
	<hr/>	<hr/>
<b>IDIRBHEARTA CAIPITIL</b>		
Fáltais	955,132,733	220,027,529
Íocaíochtaí Amach	(967,857,265)	(183,745,236)
	<hr/>	<hr/>
<b>(LAGHDÚ)/MÉADÚ I NGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIL</b>	(12,724,532)	36,282,293
	<hr/>	<hr/>
Méadú Iomlán i nglansócmhainní don bhliain	10,259,404	41,531,663
Glansócmhainní ag tús na bliana	1,178,520,036	1,136,988,373
	<hr/>	<hr/>
<b>GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA</b>	1,188,779,440	1,178,520,036
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

*Féach na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais*

**1. GINEARÁLTA – STÁDAS DLÍTHIÚIL**

Déanann Cuntasóir na gCúirteanna Breithiúnaís na Cistí Cúirte a bhainistiú i gcáilmhuineach thar ceann na dtairbhíthe. Is í seo a leanas an reachtaíocht agus an fho-reachtaíocht phríomhúil is tábhachtaí a rialaíonn fáil, bainistíocht agus infheistíocht na gcistí atá rialaithe ag an gCúirt:

- An tAcht Oifigigh Cúirte, 1926
- An tAcht Iontaobhaithe (Infheistíochtaí), 1958 agus na hOrduithe Iontaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) a dhéantar dá réir
- Rialacha na nUaschúirteanna
- Rialacha na Cúirte Cuarda
- Rialacha na Cúirte Dúiche

**2. RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA**

**(a) Bonn an Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Rialacha na nUaschúirteanna, Ordú 77, Rial 83 agus na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta agus arna fhoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis go Ginearálta in Éirinn).

Ghlac Oifig an Chuntasóra leis an díolúine atá ar fáil faoin FRS 1 um Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid (athbhreithnithe) gan ráiteas faoi shreabhadh airgid a ullmhú.

**(b) Luacháil Infheistíochtaí**

Déantar infheistíochtaí liostaithe agus infheistíochtaí i gcistí aonadaithe a luacháil ag a bpraghas tairgthe i gcás ina luaitear sa chás ina luaitear iad ar stocmhalartán aitheanta. Déantar polasaithe árachais a luacháil ag a luach géilliúna de réir mar a dhearbhaíonn na cuideachtaí árachais go neamhspleách iad. Déantar infheistíochtaí a luacháil ag a luach taisce, lena n-áirítear, ús a fhabhraítear ag deireadh na bliana.

**(c) Ioncam**

Déantar ioncam úis agus díbhinne a thaifeadh ar bhonn fabhráithe.

**(d) Gnóthachain agus caillteanais réadaithe**

Déantar idirbhearta infheistíochta a thaifeadh ar bhonn dáta trádála. Déantar gnóthachain nó caillteanais réadaithe ar dhíolacháin na n-urrús trádálaithe a ríomh ar an mbunús an ceann is túisce isteach, an ceann is túisce amach. Déantar gnóthachain nó caillteanais réadaithe ar dhíolacháin infheistíochtaí i gcistí aonadaithe a ríomh ar an meánbhonn. Déantar gnóthachain nó caillteanais réadaithe agus neamhréadaithe ar infheistíochtaí a thaifeadh sa ráiteas maidir le hoibríochtaí.

**(e) Costais**

Cuirtear costais chun cuntais ar bhonn fabhráithe. Déantar costais a ghearradh ar an ráiteas maidir le hoibríochtaí, seachas costais a tabhaíodh ar infheistíocht a ghnóthú, agus cuirtear iad sin san áireamh i gcostas infheistíochtaí den sórt sin.

Gearrtar costais a bhaineann le bainistiú na gcistí aonadaithe ar na glanhnóthachain réadaithe agus neamhréadaithe ar infheistíochtaí.

### 3. TÁILLÍ AGUS COSTAIS

#### 3.1 Táillí Cúirte:

Is freagracht thromchúiseach í an fhreagracht a fheidhmíonn na cúirteanna, a cheanglaíonn go ndéantar bainistíocht chuí ar na cistí agus sócmhainní eile a shealbhaítear ar iontaobhas, thar ceann chun sochair na dtairbhíthe. Tá go leor de na tairbhíthe ar na daoine is leochailí sa tsochaí, mar shampla daoine ar Coimircithe Cúirte iad, agus daoine eile ar mionaóisigh faoi bhun ocht mbliana déag d'aois. D'fhonn a chinntiú go bhfeidhmíonn an tSeirbhís Chúirteanna a bhfreagracht as tacaíocht a thabhairt do na cúirteanna agus do na breithiúna i ndáil leis na cistí sin, is gá go mbíonn acmhainní agus córais iomchuí i bhfeidhm do bhainistiú na gcistí sin. Áirítear leo sin freisin úsáid acmhainní seachtracha, mar shampla Comhairleoirí Infheistíochta, Iniúchóirí agus Bainisteoirí Infheistíochta. Gearrtar táillí cúirte agus muirir eile mar ranníocaíochtaí i dtreo chostais na n-oibríochtaí sin ar na hidirbhearta éagsúla a bhaineann le bainistiú na gcistí cúirte. Tá na muirir sin mar chuid d'Orduithe Táillí na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte agus is é an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus an tAire Airgeadais a cheadaíonn iad.

Gearradh táillí cothrom le €1.679 milliún (2011: €1.323 milliún) mar thoradh ar idirbhearta a próiseáladh in Oifig an Chuntasóra le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2011. Anuas ar na táillí sin, gearradh €0.212 milliún (2011: €0.134 milliún) i ndáil le céatadáin chúirte ar chistí a bhí á sealbhú thar ceann Coimircithe Cúirte. Shínigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ordú nua táillí cúirte don Chúirt Uachtarach agus don Ard-Chúirt, atá dírithe ar na seirbhísí a chistiú a chuireann Oifig an Chuntasóra agus Oifig na gCoimircithe Cúirte ar fáil, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an 10 Aibreán 2012.

#### 3.2 Táillí Bainistíochta Infheistíochta:

Ag tús an chonartha in 2003, comhaontaíodh scála táillí bainistíochta infheistíochta le Bainistíocht Sócmhainní Bhanc na hÉireann agus State Street Global Advisors agus glacadh san áireamh é mar chuid den Chomhaontú Bainistíochta Infheistíochta. Chríochnaigh State Street Global Advisors éadail Bainistíocht Sócmhainní Bhanc na hÉireann i nDeireadh Fómhair 2010 agus is iad na Comhairleoirí Infheistíochta amháin iad. Ba iad seo a leanas na táillí bainistíochta infheistíochta a gearradh ar na cistí cúirte sa tréimhse atá faoi chaibidil mar chéatadán de Ghlanluach Sócmhainní na gcistí aonadaithe:

Airgead:	0.02%	(2011: 0.03%)	Glanluach Sócmhainní arna ríomh ar bhonn seachtainiúil
Airgead Plus:	0.06%	(2011: 0.05%)	Glanluach Sócmhainní arna ríomh ar bhonn seachtainiúil
Banna Plus:	0.11%	(2011: 0.10%)	Glanluach Sócmhainní arna ríomh ar bhonn seachtainiúil
Comhardaithe:	0.09%	(2011: 0.08%)	Glanluach Sócmhainní arna ríomh ar bhonn seachtainiúil

#### 3.3 Táillí Riaracháin agus Coimeádta:

Is táillí idirbhirt iad seo á ngearradh ag an Riarthóir agus ag an gCoimeádaí.

Ba iad seo a leanas na táillí riaracháin agus coimeádta a gearradh mar chéatadán de ghlanluach sócmhainní na gcistí aonadaithe ag deireadh na bliana:

Airgead:	0.03%	(2011: 0.01%)	Glanluach Sócmhainní arna ríomh ar bhonn seachtainiúil
Airgead Plus:	0.01%	(2011: 0.01%)	Glanluach Sócmhainní arna ríomh ar bhonn seachtainiúil
Banna Plus:	0.01%	(2011: 0.01%)	Glanluach Sócmhainní arna ríomh ar bhonn seachtainiúil
Comhardaithe:	0.07%	(2011: 0.01%)	Glanluach Sócmhainní arna ríomh ar bhonn seachtainiúil

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012 (AR LEANÚINT)

4. INFHEISTÍOCHTAÍ	30/9/2012 €	30/9/2011 €
Cistí Aonadaithe SSgA	1,143,740,853	1,138,829,317
Cistí bainistithe	5,399,172	2,319,546
Gnáthscaireanna	1,977,071	2,422,242
Bannaí Rialtais	729,614	3,966,235
Cuntais taisce	23,300,994	12,555,078
Cairteacha Coigiltis An Post	19,006	110,648
Polasaithe árachais	750,952	674,864
	<hr/>	<hr/>
Punainn Infheistíochtaí	1,175,917,662	1,160,877,930
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>
5. FÉICHIÚNAITHE	30/9/2012 €	30/9/2011 €
Suimeanna cúirte a dámhadh ach nach bhfuarthas fós Ioncam Fabhraithe	10,758,718	17,205,405
Ioncam Fabhraithe	50,740	34,480
	<hr/>	<hr/>
	10,809,458	17,239,885
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>
<p>Áirítear le hioncam fabhraithe díbhinní infhaighte agus ús fabhraithe ar chuntais taisce i rith 2012 a taifeadadh de réir na bprionsabal cuntasaióchta a nglactar go ginearálta leo.</p>		
6. BANC	30/9/2012 €	30/9/2011 €
Airgead sa bhanc	2,952,425	1,189,366
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>
7. CREIDIÚNAITHE	30/9/2012 €	30/9/2011 €
Creidiúnaithe	67,143	-
Cáin scoir iníoctha (Féach Nóta 10)	832,962	787,145
	<hr/>	<hr/>
	900,105	787,145
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2010 (AR LEANÚINT)

8. CISTÍ ATÁ Á gCOIMEÁD LE HAGHAIDH TAIRBHITHE	30/9/2012 €	30/9/2011 €
Suimeanna á gcoimeád le haghaidh coimircithe cúirte	800,489,146	757,313,762
Suimeanna á gcoimeád le haghaidh mionaoiseach	266,364,810	263,085,682
Suimeanna á gcoimeád ar feithreamh tuilleadh cásanna ordaithe	59,943,276	76,274,415
Suimeanna á gcoimeád do thiomnachtaí carthanachta	1,885,531	1,832,971
Suimeanna á gcoimeád do thaiscí leis an gcosaint	10,816,662	13,220,599
Eile (féach an nóta thíos)	49,280,015	66,792,607
	<hr/>	<hr/>
	1,188,779,440	1,178,520,036
	<hr/>	<hr/>

Áirítear le 'Eile', suim €12,671,331 (2011: €40,845,276), i ndáil le ciste amháin ar a dtugtar an 'Ciste Cúitimh Árachais' a bunaíodh faoin Acht Árachais, 1964 le freastal ar a ndliteanais áirithe i leith árachóirí dócmhainneacha, chun foráil a dhéanamh go dtabharfaidh an tAire Airgeadais deontas agus iasachtaí don chiste agus chun ranníocaíochtaí leis an gciste a ghlacadh ó árachóirí.

## 9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS

### Rioscaí Infheistíochta

Is bainisteoirí gairmiúla ceaptha a bhainistíonn na hinfeistíochtaí a ndéanann Oifig an Chuntasóra bainistíocht orthu agus glacann na bainisteoirí sin straitéisí infheistíochta comhaontaithe. Tá riosca mar bhunchuid d'aon straitéis infheistíochta. Is iad State Street Global Advisors Ireland Limited ("SSgA") atá mar Bhainisteoirí Infheistíochta ag Iontaobhas Aonad Rollaithe Suas Comhiomlán State Street Global Advisors de bhun an Chomhaontaithe Bainistíochta Infheistíochta.

Ceapadh State Street Global Advisors Ireland Limited ("SSgA Limited") mar Fhochonraitheoir agus tá siad anois freagrach as roghnú sócmhainní do gach ceann de na cistí laistigh de Ghlanchistí Iontaobhais SSgA Rollaithe Suas.

Agus iad ag tabhairt faoina gcuspóirí agus faoina mbeartais, nochtar na Cistí do réimse rioscaí airgeadais: riosca margaidh (lena n-áirítear riosca praghas margaidh, riosca ráta úis agus riosca airgeadra), riosca creidmheasa agus riosca leachtachta as a bhféadfadh laghdú ar ghlansócmhainní na gCistí eascairt.

Díríonn clár foriomlán bainistíochta riosca na gCistí ar neamh-intuarthacht margaí airgeadais agus lorgaíonn siad chun tionchar féideartha diúltach ar fheidhmíocht airgeadais na gCistí a íoslaghú.

Is iad seo a leans na rioscaí agus cur chuige an Bhainisteora Infheistíochta maidir le bainistíocht na rioscaí.

### Riosca Margaidh

#### (a) Riosca praghas margaidh

Is éard atá i riosca maidir le praghas an mhargaidh ná an riosca go bhféadfadh an luach cóir nó an sreabhadh airgid ionstraim airgeadais amach anseo luainiú de bharr athruithe ar phraghsanna an mhargaidh. Bíonn urrúis na gCistí nocht do riosca maidir le praghas an mhargaidh de bharr éiginnteachta faoi phraghsanna na n-ionstraimí amach anseo. Is é luach cóir na n-ionstraimí airgeadais a chinntíonn an riosca is mó de bharr ionstraimí airgeadais.

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta iarracht rioscaí maidir le praghas an mhargaidh a mhaolú laistigh de na Cistí trí chloí leis na srianta infheistíochta ar tugadh cuntas orthu sa Réamheolaire agus sna Forlíontaí Bainteacha. Cinntíonn na teorainneacha infheistíochta seo go n-éagsúlaítear Cistí go cuí agus nach mbíonn siad ró-dhírthe laistigh d'infeistíochtaí áirithe.

9. **BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)**

**Riosca Margaidh (ar leanúint)**

(a) **Riosca Praghas Margaidh (ar leanúint)**

**Ciste Gnáthscaireanna Innéacs Limistéar an Euro SSgA GRU**

Déanann Ciste Gnáthscaireanna Limistéar an Euro SSgA GRU iarracht feidhmíocht Innéacs Eurobloc FTSE a leanúint a dhlúithe agus is réasúnta agus is féidir. Is éard atá san Innéacs sin ná tagarmharc ualaithe de réir luach iomlán margaidh na ngnáthscaireanna urrúis liostaithe nó a dtrádáil ar Mhargáí Rialaithe i Limistéar an Euro. Áirítear leo sin thart faoi 260 stoc san Innéacs atá ualaithe de réir luach iomlán margaidh na dtíortha atá ar an Innéacs, agus ag luach iomlán margaidh na stoc laistigh de na tíortha faoi leith.

**Ciste Gnáthscaireanna Domhanda Innéacs Iar-Limistéar an Euro SSgA GRU**

Déanann Ciste Gnáthscaireanna Iar-Limistéar an Euro SSgA GRU iarracht feidhmíocht Innéacs Forbartha Domhanda Iar-Eurobloc FTSE a leanúint a dhlúithe agus is réasúnta agus is féidir. Tá thart faoi 1,650 stoc san Innéacs atá ualaithe de réir luach iomlán margaidh stoc na dtíortha atá ar an Innéacs, agus ag luach iomlán margaidh na stoc laistigh de na tíortha faoi leith.

**Ciste Innéacs Banna SSgA GRU EMU**

Tá iarracht ar bun ag Ciste Innéacs Banna Limistéar an Euro SSgA GRU ón 28 Bealtaine 2010 i leith fheidhmíocht Innéacs Díreach Rialtas Bank of America Merrill Lynch EMU ag a bhfuil rátáil AA/AAA a leanúint a dhlúithe agus is féidir go réasúnta. Rinne siad iarracht roimhe sin Innéacs Banna Díreach Rialtas EMU 5 Bliana Merrill Lynch a leanúint. Is éard atá san Innéacs ná tagarmharc ualaithe de réir luach iomlán margaidh thart faoi 120 urrús fiachais de chuid Rialtas i Limistéar an Euro agus iad ar ráta seasta de ghrád infheistíochta agus an Euro ina aonad airgeadra acu le hoibríochtaí, ag tráth na hinfeistíochta, atá breis agus 5 bliana d'aois.

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht ar phróifíl reatha infheistíochta na gCistí agus cuireann sé i gcomparáid iad le seasaimh reatha na gCistí i leith na seasamh innéacs ar bhonn laethúil.

Réitítear láithreach aon imeacht ó na seasaimh innéacs as a n-eascróidh earráid ábhartha rianaithe, i ndiaidh aon chostais ábhartha idirbhirt a chur san áireamh.

**Ciste Airgid Euro SSgA GRU**

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta iarracht rioscaí maidir le praghas an mhargaidh a mhaolú laistigh den Chiste trí chloí leis na srianta infheistíochta ar tugadh cuntas orthu sa Réamheolaire agus sna Forlíontaí Bainteacha. Cinntíonn na teorainneacha infheistíochta seo go n-éagsúlaítear an Ciste go cuí agus nach mbíonn sé ró-dhírthe laistigh d'infheistíochtaí áirithe.

Cinntíonn na critéir chun sócmhainní a leithdháileadh a úsáideann an Bainisteoir Infheistíochta go n-infheistítear na sócmhainní laistigh den Chiste ar fud criosanna éagsúla eacnamaíocha agus earnálacha infheistíochta.

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht ar phróifíl reatha infheistíochta na gCistí agus cuireann sé i gcomparáid iad le seasaimh reatha na gCistí i leith na spriocsheasamh nó na seasamh idéalach ar bhonn laethúil. Réitítear láithreach aon imeacht ábhartha ó spriocsheasaimh nó ó sheasaimh idéalacha.

An 30 Meán Fómhair 2011, bhí tionchar ag trí phríomh-chomhchuid ar riosca margaidh na gCistí: athruithe ar fhíor-phraghsanna margaidh, rátaí úis agus gluaiseachtaí in airgeadraí coimhthíocha. Léirítear an ráta úis agus gluaiseachtaí in airgeadraí coimhthíocha sna nótaí thíos.

Míníonn an anailís seo a leanas an tionchar a bheadh ar na glansócmhainní inchurtha i dtaca le

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012 (AR LEANÚINT)

sealbhóirí na n-aonad rannpháirteacha infhuascailte sna Cistí éagsúla dá dtiocfadh méadú 20% ar an innéacs tagarmhairc ábhartha (á ríomh in Euro) amhail an 30 Meán Fómhair 2012 agus an 30 Meán Fómhair 2011, agus dá bhfanadh na hathróna eile mar atá.

Ainm an Chiste	Innéacs Tagarmhairc	% athraithe ar ghlansócmhainní an chiste Amhail an 30 Meán Fómhair 2012	% athraithe ar ghlansócmhainní an chiste Amhail an 30 Meán Fómhair 2011
Ciste Gnáthscaireanna Innéacs Limistéar an Euro SSgA GRU	Innéacs FTSE Eurobloc	19.600%	20.030%
Ciste Gnáthscaireanna Innéacs Domhanda Iar-Limistéar an Euro SSgA GRU	Innéacs Domhanda Forbartha FTSE Iar-Eurobloc	19.800%	19.827%
Ciste Banna Innéacs Domhanda Limistéar an Euro SSgA GRU EMU	Innéacs Rialtas Díreach Bank America Merrill Lynch EMU ag a bhfuil rátáil AA/AAA	20.343%	19.257%

Léiríonn an anailís thuas, mar shampla, dá dtiocfadh méadú 20% ar Innéacs FTSE an Eurobloc i dtéarmaí an Euro an 30 Meán Fómhair 2012, agus dá bhfanadh na hathróna eile go léir mar atá siad, dhéanadh sé seo méadú thart ar 19.60% (2011: 20.03%) ar na glansócmhainní ionchurtha i dtaca le sealbhóirí na n-aonad rannpháirteacha infhuascailte de Chiste Gnáthscaireanna Innéacs Limistéar an Euro SSgA GRU.

Mar mhalairt air sin, dá dtiocfadh laghdú 20% ar Innéacs FTSE an Eurobloc i dtéarmaí an Euro agus dá bhfanadh na hathróna eile go léir mar atá siad, dhéanadh sé seo laghdú thart ar 19.60% ar na glansócmhainní ionchurtha i dtaca le sealbhóirí na n-aonad rannpháirteacha infhuascailte de Chiste Gnáthscaireanna Innéacs Limistéar an Euro SSgA GRU (2011: 20.03%).

Níl innéacs tagarmhairc ag Ciste Airgid SSgA GRU.

Déanann Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais bainistiú ar phunann infheistíochtaí ("cistí a bhainistítear go himhneánach") lena n-áirítear:

- Cistí Bainistithe;
- Gnáthscaireanna;
- Bannaí Rialtais;
- Cuntais taisce;
- Cairteacha Coigiltis An Post; agus
- Polasaithe árachais.

Is ionann na cistí a bhainistítear go himhneánach agus 2.74% (2011: 1.90%) den phunann infheistíochtaí iomlán. Tá na cistí, na gnáthscaireanna agus na bannaí rialtais bainistithe luacháilte ar luach margaidh agus déantar iad a infheistiú i margáil leachtacha. Nochtar na hinfeistíochtaí seo do riosca praghas margaidh. Déanann an lucht bainistíochta na hinfeistíochtaí seo a bhainistiú go himhneánach gach seachtain.

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012 (AR LEANÚINT)**

**9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)**

**(b) Riosca airgeadra**

Is éard atá i riosca airgeadra ná an riosca go bhféadfadh an luach cóir nó an sreabhadh airgid ionstraime airgeadais amach anseo luainiú de bharr athruithe sna rátaí malartaithe coigríche.

Níl Ciste Gnáthscaireanna Innéacs Euro SSgA GRU ná Ciste Innéacs Banna EMU SSgA GRU ná an Ciste Airgid Euro SSgA GRU nochta d'aon rioscaí airgeadra choimhthíoch mar gheall gurb in Euro atá na sócmhainní agus na dliteanais go léir ainmnithe, agus is é an Euro airgead feidhmeach na gCistí.

Is in airgeadraí eile seachas an Euro atá sócmhainní, dliteanais agus ioncam Chiste Gnáthscaireanna Innéacs Dhomhanda Iar-Limistéar an Euro SSgA GRU, agus is é an Euro airgead feidhmeach na gCistí. Is iad na hairgeadraí suntasacha ná Dollar na Stát Aontaithe, Punt na Breataine, Yen na Seapáine, Dollar na hAstráile, Dollar Ceanada agus Franc na hEilvéise. Ar an ábhar sin, tá sé nochta do riosca airgeadra óir beidh luach na n-urrús ag luainiú de bharr athruithe sna rátaí malartaithe coigríche. Déantar an t-ioncam a fhaightear in airgeadraí coigríche a aistriú go Euro nuair a fhaightear é. Is é cuspóir infheistíochta an Chiste ná feidhmíocht Innéacs Dhomhanda FTSE seachas Eurobloc a leanúint a dhlúithe agus is réasúnta agus is féidir.

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht ar an riosca airgeadra. Níorbh ann d'aon athruithe ábhartha ar bheartais agus ar phróisis na gCistí chun riosca airgeadra a bhainistiú agus do na modhanna a úsáideadh chun riosca a thomhas le linn na bliana.

Léirítear sa tábla a leanas sealúchais i ngach ceann de na hairgeadraí le haghaidh an Chiste Ghnáthscaireanna Dhomhanda Innéacs Iar-Limistéar Euro SSgA GRU agus an tionchar ar NAV ag gluaiseacht +/-10% in aon cheann de na hairgeadraí seo amhail an 30 Meán Fómhair 2012.

<b>Airgeadra</b>	<b>% sealúchas</b>	<b>% gluaiseacht</b>	<b>Tionchar ar NAV</b>
<b>Trádála</b>			
Dollar SAM	58.67%	10.00%	5.87%
Punt na Breataine	10.45%	10.00%	1.05%
Yen na Seapáine	8.76%	10.00%	0.88%
Dollar Ceanada	4.99%	10.00%	0.50%
Dollar na hAstráile	4.22%	10.00%	0.42%
Franc na hEilvéise	4.00%	10.00%	0.40%
Won na Cóiré Theas	2.83%	10.00%	0.28%
Dollar Hong Cong	2.27%	10.00%	0.23%
Krona na Sualainne	1.47%	10.00%	0.15%
Dollar Shingeapóir	0.91%	10.00%	0.09%
Kroner na Danmhairge	0.58%	10.00%	0.06%
Krone na hIorua	0.49%	10.00%	0.05%
Seiceal Nua Iosrael	0.29%	10.00%	0.03%
Dollar na Nua-Shéalainne	0.04%	10.00%	0.00%



## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012 (AR LEANÚINT)

#### 9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

##### b) Riosca Airgeadra (ar leanúint)

Léirítear sa tábla a leanas sealúchais i ngach ceann de na hairgeadraí mar aon leis an tionchar ar NAV ag gluaiseacht 10% in aon cheann de na hairgeadraí seo amhail an 30 Meán Fómhair 2011.

Airgeadra Trádála	% sealúchas	% gluaiseacht	Tionchar ar NAV
Dollar SAM	55.99%	10.00%	5.60%
Yen na Seapáine	11.04%	10.00%	1.10%
Punt na Breataine	10.78%	10.00%	1.08%
Dollar Ceanada	5.21%	10.00%	0.52%
Franc na hÉilvéise	4.29%	10.00%	0.43%
Dollar na hAstráile	4.08%	10.00%	0.41%
Won na Cóiré Theas	2.67%	10.00%	0.27%
Dollar Hong Cong	2.10%	10.00%	0.21%
Krona na Sualainne	1.44%	10.00%	0.14%
Dollar Shingeapóir	0.91%	10.00%	0.09%
Krone na hIorua	0.57%	10.00%	0.06%
Kroner na Danmhairge	0.51%	10.00%	0.05%
Seiceal Nua Iosrael	0.38%	10.00%	0.03%
Dollar na Nua-Shéalainne	0.06%	10.00%	0.01%

##### (c) Riosca Ráta Úis

Tá ag Ciste Innéacs Banna Euro SSgA GRU EMU agus ag an gCiste Airgid Euro SSgA GRU sócmhainní agus dliteanais úsmhara a nochtann iad do rioscaí lena mbaineann tionchar luaineachtaí sna gnáthleibhéal rátaí úis mhargaidh ar a seasamh airgeadais agus a sreabha airgid.

Is í aidhm Chiste Innéacs Banna SSgA GRU EMU ná feidhmíocht innéacs Merrill Lynch thar 5 bliana a rianú a dhlúithe agus is réasúnta agus is féidir. Innéacs Banna Rialtas Díreach EMU. Infheistíocht an Bainisteoir Infheistíochta ina leithéid d'infheistíochtaí, rud a chinnteoidh go leanfaidh feidhmíocht an Chiste feidhmíocht an innéacs bhunaidh a dhlúithe agus is féidir go réasúnta. Ní dhéanann sé aon iarracht an nochtadh do riosca rátaí úis laistigh den Chiste a bhainistiú.

Is trí phróiseas roghnaithe infheistíochta an Bhainisteora Infheisteora a dhéantar cuid de bhainistiú riosca na rátaí úis i gcás an Chiste Airgid Euro SSgA GRU. Áirítear leis seo réamhaisnéisí faoi rudaí a tharlóidh agus an tionchar a bheidh acu ar rátaí úis, ar éagsúlú agus ar mharthanacht. I gcomhréir le beartas an Chiste, déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht laethúil ar fógaireacht fhoriomlán an Chiste ó thaobh úis de.

Níl urrúis úsmhara ag Ciste Gnáthscaireanna Euro SSgA GRU ná ag Cistí Domhanda Gnáthscaireanna Iar-Limistéar an Euro SSgA GRU agus ar an ábhar sin, ní nochtar na Cistí sin d'aon riosca ó thaobh rátaí úis.

Níorbh ann d'aon athruithe ábhartha ar bheartais agus ar phróisis na gCistí chun riosca ráta úis a bhainistiú agus do na modhanna a úsáideadh chun riosca a thomhas ó dheireadh na bliana roimhe sin i leith.

Déantar fógaireacht ó thaobh rátaí úis a thomhas trí mharthanacht, agus is é sin tomhas an tionchair a bheadh ar NAV an Chiste dá dtiocfadh athrú 100 ar bhunphointe na rátaí úis. Tá meánaibíocht ualaithe 53 lá ag an gCiste Airgid Euro SSgA GRU an 30 Meán Fómhair 2012 (2011: 36 lá). Tá gach ciste eile innéacsaithe.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012 (AR LEANÚINT)

9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

(c) Riosca Ráta Úis (ar leanúint)

Mínítear sa tábla a leanas % an tionchair a bheadh ar Ghlansócmhainní Chiste Innéacs Banna Limistéar an Euro SSgA GRU ag a bhfuil urrúis úsmhara, nuair a mheastar go bhfuil feabhas 1% tagtha ar rátaí úis.

Ainm an Chiste	% athraithe ar ghlansócmhainní an chiste nuair a mheastar go bhfuil feabhas 1% tagtha ar rátaí úis Amhail an 30 Meán Fómhair 2012	% athraithe ar ghlansócmhainní an chiste nuair a mheastar go bhfuil feabhas 1% tagtha ar rátaí úis Amhail an 30 Meán Fómhair 2011
Ciste Innéacs Banna SSgA GRU EMU	6.930	6.450
Ciste Airgid Euro SSgA GRU	0.120	0.099

Tabhair faoi deara gur féidir an tábla thuas a mhíniú ach a lua go mbeadh titim 6.930% (2011: 6.450%) ar Ghlanluach Sócmhainne an Chiste mar thoradh ar mhéadú 1% ar rátaí úis agus a mhalairt.

Níor bhain aon cheann de na Cistí leas as gearáil chaipitiúil agus ní bhfuair siad iasachtaí ar mhaithe le leachtacht i rith na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2012 agus an 30 Meán Fómhair 2011, agus ní raibh aon ús iníoctha le linn na bliana. Ar an ábhar sin, ní raibh na Cistí nochta do riosca rátaí úis de bharr luaineachtaí mífhabhreacha sna rátaí úis iníoctha.

Níl an Bainisteoir Infheistíochta ag súil leis go n-athróidh an seasamh seo sa chéad tréimhse eile thuarascála.

Beidh an toradh a ghineann ioncam ar na cistí ar a ndéantar bainistiú inmheánach, go háirithe na cuntais Taisce agus Cairteacha Coigiltis An Post, nochta do luaineacht na rátaí úis. Meastar, áfach, nach bhfuil ann ach riosca an-bheag.

(d) Riosca Creidmheasa

Tá na Cistí nochta do riosca creidmheasa. Is é sin an riosca nach mbeidh contrapháirtí nó eisitheoir in ann na méideanna iomlána a íoc nuair a bheidh siad dlite.

**Ciste Airgid Euro SSgA GRU**

Déanann Deasc Ioncaim Sheasta SSgA agus Foireann Chomhlíonta Punainne an Bhainisteora Infheistíochta monatóireacht laethúil ar an ráta reatha creidmheasa do gach seasamh laistigh de na Cistí ar bhonn laethúil lena chinntiú go leanann an Ciste le gach ceanglas agus cosc rátáil creidmheasa a chomhlíonadh, amhail a dtugtar breac-chuntas air i gcáipéisíocht an Chiste.

Lena chois sin, cinntíonn Deasc Ioncaim Sheasta SSgA agus Foireann Chomhlíonta Punainne an Bhainisteora Infheistíochta go bhfuil éagsúlú infheistíochtaí cuí ann agus nach bhfuil na rioscaí comhchruinnithe an iomarca le contrapháirtí nó le heisitheoir faoi leith ag am ar bith.

**Ciste Innéacs Banna SSgA GRU EMU**

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht ar an ráta reatha creidmheasa do gach seasamh laistigh de na Cistí ar bhonn laethúil lena chinntiú go leanann an Ciste le gach ceanglas agus cosc rátáil creidmheasa a chomhlíonadh don Chiste, amhail a dtugtar breac-chuntas air i gcáipéisíocht an Chiste.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

#### DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012 (AR LEANÚINT)

Cinntíonn an Bainisteoir Infheistíochta, chomh maith, go bhfuil éagsúlú infheistíochta cuí ann nach bhfuil na rioscaí comhchruinnithe an iomarca le contrapháirtí nó le heisitheoir faoi leith ag am ar bith, ach é ag díriú ar phríomhchuspóir an chiste, is é sin le rá, feidhmíocht Innéacs Díreach Rialtas EMU Bank of America Merrill Lynch ag a bhfuil rátáil AA/AAA/

#### (d) Riosca Creidmheasa (ar leanúint)

Is fearr a léiríonn suimeanna glanluacha sócmhainní airgeadais an nochtadh riosca creidmheasa is airde amhail dáta an chláir chomhardaithe.

Tá urrúis úsmhara ag Ciste Airgid Euro SSgA GRU EMU agus ag Ciste Innéacs Banna Limistéar an Euro SSgA GRU EMU agus iad nochta do na rioscaí creidmheasa a leanas an 30 Meán Fómhair 2012 agus an 30 Meán Fómhair 2011.

Ainm an Chiste	Amhail an 30 Meán Fómhair 2012		Amhail an 30 Meán Fómhair 2011	
	Grád infheistíochta	Grád neamhinfeistíochta	Grád infheistíochta	Grád neamhinfeistíochta
Ciste Airgid Euro SSgA GRU	100%	-	100%	-
Ciste Innéacs Banna SSgA GRU EMU	100%	-	100%	-

#### Ciste Gnáthscaireanna Innéacs Euro SSgA GRU

#### Ciste Gnáthscaireanna Domhanda Innéacs Iar-Limistéar an Euro SSgA GRU

Tá na Cistí nochta do riosca creidmheasa. Is é sin an riosca nach mbeidh contrapháirtí nó eisitheoir in ann na méideanna iomlána a íoc nuair a bheidh siad dlite. Is éard atá i nochtadh creidmheasa na gCistí:

- an riosca go gcaillfear an t-airgead atá i seilbh JP Morgan ar an dáta tuarascála; agus
- an riosca nach n-íocfaidh na bróicéirí as na hurrúis a fuarthas ó na Cistí, nó nach seachadfaidh siad na hurrúis ar íoc na gCistí astu.

Thug Standard & Poor rátáil “A+” do JP Morgan maidir le fiachas fadtéarmach agus meastar nach fiú trácht ar an riosca go mainneoidh siad

Socraítear agus íoctar as gach idirbheart a bhaineann le hurrúis liostaithe nuair a sheachadtar iad ag J.P. Morgan Bank (Ireland) plc (“an Coimeádaí”) agus úsáideann an Coimeádaí bróicéirí faofa chuige sin.

Caithfidh an Bainisteoir Infheistíochta na bróicéirí go léir a fhaomhadh sula bhféadfaidh Bainisteoir Infheistíochta na gCistí déileáil leo agus chuige sin, ní mór a gcuntais bhliantúla a fháil agus a athbhreithniú a dhéanamh orthu. Meastar nach bhfuil ann ach riosca an-bheag go mainneoidh na bróicéirí, mar ní sheachadtar na hurrúis a díoladh go dtí go bhfaigheann an bróicéir an íocaíocht agus íoctar as an gceannachán nuair a fhaigheann an bróicéir na hurrúis.

Ar an ábhar sin, is í tuairim an Bhainisteora Infheistíochta gur beag an riosca atá ann go dteipfidh ar na contrapháirtithe a gcuid dualgas i leith an Chiste a chomhlíonadh.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012 (AR LEANÚINT)

---

#### (e) Riosca Leachtachta

Is éard atá i riosca leachtachta ná an riosca go mbeidh deacracht ag aonán a ndualgais a bhaineann le dliteanais airgeadais a chomhlíonadh, a socraítear iad trí airgead nó trí shócmhainní airgeadais eile a sheachadadh.

Déanann na Cistí a gcuid sócmhainní go léir a infheistiú i margadh gníomhach agus is féidir iad a dhiúscairt go réidh.

Tá na Cistí go léir nochta do dhéileáil sheachtainiúil. Tá gach fuascailt a dhéantar ar aonaid infhuascailte sna Cistí infóchta laistigh de 2 lá gnó ó lá gnó na fuascailte.

## 9. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (AR LEANÚINT)

### (e) Riosca Leachtachta (ar leanúint)

#### **Ciste Gnáthscaireanna Innéacs Euro SSgA GRU**

#### **Ciste Gnáthscaireanna Domhanda Innéacs Iar-Limistéar an Euro SSgA GRU**

#### **Ciste Innéacs Banna SSgA GRU EMU**

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht laethúil ar sheasamh leachtachta na gCistí. Déanann an Bainisteoir Infheistíochta athbhreithniú laethúil ar stádas leachtachta na gCistí, idir stádas reatha agus stádas amach anseo, agus déanann sé nó sí deimhin de go gcuirtear ar fáil de réir mar is cuí aon airgead atá riachtanach chun iarratais fuascailte a shocrú.

#### **Ciste Airgid Euro SSgA GRU**

Déanann an Bainisteoir Infheistíochta monatóireacht laethúil ar sheasamh leachtachta an Chiste. Is í Foireann Airgid an Chomhairleora Infheistíochta go sonrach a dhéanann monatóireacht ar riosca leachtachta laistigh den Chiste. Déanann Foireann Airgid an Chomhairleora Infheistíochta athbhreithniú laethúil ar stádas leachtachta an Chiste, idir stádas reatha agus stádas amach anseo, agus déanann sé nó sí deimhin de go gcuirtear ar fáil de réir mar is cuí aon airgead atá riachtanach chun iarratais fuascailte a shocrú.

Tá sé ar chumas na gCistí go léir iasachtaí a fháil sa ghearrthearma chun socruithe a chinntiú. Tá sé ceadaithe de réir Réamheolaire na gCistí gur féidir iasacht ar fiú 10% de ghlansócmhainní na gCistí é a fháil uaidh am ar bith ar mhaithe le cuntas aon Chistí, agus féadfaidh an Coimeádaí táille a ghearradh ar shócmhainní a leithéid de Chistí mar shlándáil i leith a leithéid d'iasachtaí, ar an gcoinníoll gur chun cuspóirí sealadacha amháin a fhaightear iasachtaí den sórt sin.

Ní fhaigheann na Cistí iasachtaí de ghnáth agus ní raibh aon iasacht acu ar dháta an chláir chomhardaithe (2011: Neamhní).

Tá dliteanais airgeadais na gCistí uile infóchta laistigh de mhí amháin. Ar an ábhar sin, mheas an Bainisteoir Infheistíochta gur beag an riosca atá ann go mbeadh na Cistí i mbaol de bharr easpa leachtachta.

Tá na cistí a bhainistítear go himmheánach le fáil i margadh atá an-leachtach agus is féidir teacht orthu gan ach fógra gearr a thabhairt. Meastar, ar an ábhar sin, nach bhfuil ach riosca an-bheag ann ó thaobh leachtachta de.

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012 (AR LEANÚINT)

10. GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AR INFHEISTÍOCHTAÍ	30/9/2012	30/9/2011
	€	€
Gnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh le linn na bliana	13,620,368	16,147,259
Lúide:		
Cáin scoir (i)	(3,855,039)	(4,580,078)
Tobhach frithchaolúcháin agus coimisiún bróicéirí (ii)	(58,581)	(112,919)
	<hr/>	<hr/>
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh le linn na bliana	<u>9,706,748</u>	<u>11,454,262</u>

- (i) Tugtar údarás san Acht Airgeadais, 2003 don tSeirbhís Chúirteanna cánacha scoir a eascaíonn ó dhiúscairt infheistíochtaí sna cistí aonadaithe bunaithe ag SSgA agus cuntas a thabhairt orthu. Ríomhtar an cháin ag ráta 33% (2011: 30%) agus tá sí iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim.
- (ii) Is táille an tobhach frithchaolúcháin a ghearrtar ar na fuascailtí aonadaithe.

11. GLANATHRÚ I NGNÓTHACHAIN/(CAILLTEANAS) NEAMHRÉADAITHE AR INFHEISTÍOCHTAÍ	30/9/2012	30/9/2011
	€	€
Athrú i ngnóthachain/(caillteanas) neamhréadaithe ar infheistíochtaí i rith na bliana	16,806,661	(3,623,535)
Lúide:		
Táillí Bainistíochta Infheistíochta (Nóta 3.2)	(912,693)	(879,660)
Táillí ilghnéitheacha na gcistí bainistithe (i)	(519,881)	(328,721)
Tobhach frithchaolúcháin agus coimisiún bróicéirí (ii)	(79,375)	(149,555)
	<hr/>	<hr/>
Glanathrú i ngnóthachain/(caillteanas) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	<u>15,294,712</u>	<u>(4,981,471)</u>

- (i) Áirítear leis na táillí sin, muirir idirbhirt, táillí iniúchta, táillí cosanta, táillí gairmiúla eile, táillí iontaobhaithe agus ús bainc.
- (ii) Is táille an tobhach frithchaolúcháin a ghearrtar ar na fuascailtí aonadaithe.

12. GLANCHAILLTEANAS RÉADAITHE AR AISTRÍÚ SÓCMHAINNÍ	30/9/2012	30/9/2011
	€	€
Glanchailteanas ar Aistrithe Amach i rith na bliana	(396,415)	(1,657)
	<hr/>	<hr/>

D'eascair na glanchailteanas seo as aistriú gnáthscaireanna amach as coimeád na cúirte, arna sealbhú in ainm Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnaí. Tugadh na gnáthscaireanna seo faoi bhráid na Cúirte ar dtús nuair a rinneadh Coimircí Cúirte de dhuine, agus rinneadh iad a thaifeadadh sna cuntais ar a margadhluach ag an tráth sin. Léiríonn an glanchailteanas glanlaghdú i luach na ngnáthscaireanna tráth a aistríodh na gnáthscaireanna amach as an gcúirt, faoi mar a ordáíodh in ordú cúirte. Caillteanas ar pháipéar is ea an glanchailteanas dá dtagraítear toisc nár díoladh na gnáthscaireanna.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012 (AR LEANÚINT)

<b>13. IONCAM INFHEISTÍOCHTA</b>	30/9/2012	30/9/2011
	€	€
Ús taisce	146,432	127,527
Díbhinní	73,085	110,514
Scaireanna in ionad díbhinní	8,055	7,349
Ús ar infheistíochtaí eile	48,740	5,419
Díol eisiúna de cheart	87	4,347
	<hr/>	<hr/>
	276,399	255,156
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

Léirítear ioncam infheistíochta glan ó cháin shiarchoinneálach. Áirítear le hús taisce in 2012 agus in 2011 ioncam ó ús fabhraithe de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo.

<b>14. COSTAIS</b>	30/9/2012	30/9/2011
	€	€
Táillí Cúirte (Nóta 3.1)	1,891,097	1,457,039
Táillí bróicéirí	6,371	19,416
Táillí bainc	40	465
	<hr/>	<hr/>
	1,897,508	1,476,920
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

### **15. IONCAM EILE**

Léirítear ioncam eile ag ioncam blianachta, roghanna cearta díolta agus ús ar thaiscí déanacha, i measc rudaí eile.

## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012 (AR LEANÚINT)

#### 16. TOMHAS AN LUACHA CHÓIR

Ghlac Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais leis an leasú ar Ionstraim Airgeadais FRS 29: Nochtadh, ag a bhfuil éifeacht i leith na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2012. Leis seo, ceanglaítear ar Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ionstraimí airgeadais a nochtadh trí ordlathas luacha chóir a léiríonn tábhacht na n-ionchur a úsáidtear chun na tomhais a dhéanamh.

Is iad seo a leanas na trí leibhéal den ordlathas luacha chóir:

- Pragsanna luaite (neamhchoigeartaithe) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanais chomhchosúla (Leibhéal 1).
- Ionchuir seachas pragsanna luaite a áirítear le leibhéal 1 atá inbhraite i leith na sócmhainne nó an dliteanais, go díreach (is é sin, mar phragsanna) nó go hindíreach (is é sin, díorthaithe ó phragsanna) (Leibhéal 2).
- Ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí inbhraite an mhargaidh (is é sin, ionchuir neamh-inbhraite) (Leibhéal 3).

Is ar bhonn ionchur an leibhéil is ísle atá tábhachtach do thomhas luacha chóir ina iomláine a dhéantar an leibhéal san ordlathas luacha chóir ina n-aicmítear an tomhas luacha chóir ina iomláine a chinneadh. Chuige sin, déantar tábhacht ionchuir a mheasúnú i leith an tomhais luacha chóir ina iomláine. Má úsáideann tomhas luacha chóir ionchuir inbhraite a mbíonn coigeartú suntasach bunaithe ar ionchuir neamh-inbhraite de dhíth orthu, tomhas Leibhéal 3 atá sa tomhas sin. Bíonn breithiúnas de dhíth chun measúnú a dhéanamh ar thábhacht ionchuir áirithe i leith an tomhais luacha chóir ina iomláine, agus ní mór tosca a bhaineann go dlúth leis an tsócmhainn nó an dliteanas a chioradh.

Ní mór don Bhainisteoir breithiúnas suntasach a dhéanamh maidir lena bhfuil i gceist le 'inbhraite' a chinneadh. Dar leis an mBainisteoir, is éard atá i gceist le sonraí inbhraite ná sonraí margaidh sorochtana a scaiptear nó a nuashonraítear go rialta, atá iontaofa agus infhíoraithe, nach sonraí dílsithe iad, agus ar sonraí iad a bhíonn á gcur ar fáil ag foinsí neamhspleácha atá gníomhach sa mhargadh ábhartha.

Sa tábla a leanas, déantar anailís ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais (de réir aicme), laistigh den ordlathas luacha chóir, arna dtomhas ag a luach cóir an 30 Meán Fómhair 2012:

	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Iomlán
	€	€	€	€
<b>Infheistíochtaí</b>				
- Cistí Aonadaithe BIAM	-	1,143,740,852	-	1,143,740,852
- Cistí Bainistithe	-	5,399,172	-	5,399,172
- Gnáthscaireanna	1,977,071	-	-	1,977,071
- Bannaí Rialtais	729,614	-	-	729,614
- Cuntais Taisce	23,300,994	-	-	23,300,994
- Cairteacha Coigiltis An Post	19,006	-	-	19,006
- Polasaithe Árachais	-	-	750,953	750,953
<b>Iomlán</b>	<b>26,026,685</b>	<b>1,149,140,024</b>	<b>750,953</b>	<b>1,175,917,662</b>

OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012 (AR LEANÚINT)

16. TOMHAS AN LUACHA CHÓIR (AR LEANÚINT)

Sa tábla a leanas, déantar anailís ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais (de réir aicme), laistigh den ordlathas luacha chóir, arna dtomhas ag a luach cóir an 30 Meán Fómhair 2011:

	Leibhéal 1 €	Leibhéal 2 €	Leibhéal 3 €	Iomlán €
<b>Infheistíochtaí</b>				
- Cistí Aonadaithe BIAM	-	1,138,829,317	-	1,138,829,317
- Cistí Bainistithe	-	2,319,546	-	2,319,546
- Gnáthscaireanna	2,422,242	-	-	2,422,242
- Bannaí Rialtais	3,966,235	-	-	3,966,235
- Cuntais Taisce	12,555,078	-	-	12,555,078
- Cairteacha Coigiltis An Post	110,648	-	-	110,648
- Polasaithe Árachais	-	-	674,864	674,864
<b>Iomlán</b>	<b>19,054,203</b>	<b>1,141,148,863</b>	<b>674,864</b>	<b>1,160,877,930</b>

Baineann infheistíochtaí Leibhéal 3 le hinfeistíochtaí arna sealbhú i bpolasaithe árachais nach bhfuil luaite ar mhalartán nó nach bhfuil trádáilte go gníomhach. Ceal faisnéis mhargaidh ar bith, chuir an Cuntasóir luach ar na hinfeistíochtaí seo bunaithe ar na luachanna a chuir an chuideachta árachais ar fáil. Creideann an Cuntasóir go gcuireann seo garluach ar an luach cóir agus nach mbeadh coigeartú ábhartha ar na ráitis airgeadais mar thoradh ar aon choigeartú a theastódh leis na hinfeistíochtaí seo a luacháil ar a luach cóir. Toisc go ndéantar infheistíochtaí Leibhéal 3 a luacháil ar a gcostas, níl anailís íogaireachta curtha ar fáil.

Áirítear sa tábla a leanas réiteach na méideanna don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2012 le haghaidh ionstraimí airgeadais atá aicmithe laistigh de Leibhéal 3. Tá aicmiú ionstraime airgeadais laistigh de Leibhéal 3 bunaithe ar thábhacht na n-ionchur neamh-inbhraite don tomhas luacha chóir foriomlán.

<b>Polasaithe Árachais</b>	<b>€</b>
Iarmhéid Tosaigh	674,864
Ceannacháin	-
Fáltais ó dhíolacháin	-
Gluaiseacht i nglan-luachmhéadú neamhréadaithe	76,089
<b>Iarmhéid deiridh amhail an 30 Meán Fómhair 2012</b>	<b>750,953</b>

Níorbh ann d'aon aistriú idir leibhéil i rith na bliana.

Áirítear sa tábla a leanas réiteach na méideanna don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2011 le haghaidh ionstraimí airgeadais atá aicmithe laistigh de Leibhéal 3. Tá aicmiú ionstraime airgeadais laistigh de Leibhéal 3 bunaithe ar thábhacht na n-ionchur neamh-inbhraite don tomhas luacha chóir foriomlán.

<b>Polasaithe Árachais</b>	<b>€</b>
Iarmhéid Tosaigh	706,505
Ceannacháin	-
Fáltais ó dhíolacháin	(2,509)
Gluaiseacht i nglan-luachmhéadú neamhréadaithe	(29,132)
<b>Iarmhéid deiridh amhail an 30 Meán Fómhair 2011</b>	<b>674,864</b>

Is iad na glanchaillteanais neamhréadaithe lena mbaineann polasaithe árachais atá faoi i seilbh amhail an 30 Meán Fómhair 2012 €173,519 (2011: €249,609).



## OIFIG CHUNTASÓIR NA gCÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS

### NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012 (AR LEANÚINT)

---

#### 17. IMEACHTAÍ IARCHLÁIR CHOMHARDAITHE

Ní raibh aon imeachtaí ábhartha iarchláir chomhardaithe ann a d'éileodh athbhreithniú ar na figiúirí sna ráitis airgeadais.

#### 18. FAOMHADH RÁITIS AIRGEADAIS

D'fhaomh Bord na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais lena n-eisiúint an 19 Nollaig 2012.

**FAISNÉIS BHREISE**

---

(NACH GCUIMSÍTEAR LE TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH)

**CISTÍ NA HARD-CHÚIRTE****RÁITEAS MAIDIR LE SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS  
AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012**

	30/9/2012 €	30/09/2011 €
<b>SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA</b> Infheistíochtaí	1,069,835,977	1,057,686,136
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b> Féichiúnaithe	10,123,760	16,523,416
Banc	2,479,598	1,170,615
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁNA</b>	<u>12,603,358</u>	<u>17,694,031</u>
<b>DLITEANAIS REATHA</b> Creidiúnaithe	(767,085)	(714,916)
<b>DLITEANAIS IOMLÁNA</b>	<u>(767,085)</u>	<u>(714,916)</u>
<b>GLANSÓCMHAINNÍ REATHA</b>	<u>11,836,273</u>	<u>16,979,115</u>
<b>GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA</b>	<u>1,081,672,250</u>	<u>1,074,665,251</u>
<b>ARNA LÉIRIÚ AG:</b>		
Cistí atá á gcoimeád le haghaidh tairbhithe amhail dheireadh na bliana	<u>1,081,672,250</u>	<u>1,074,665,251</u>

**CISTÍ NA HARD-CHÚIRTE****RÁITEAS MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012**

---

	30/9/2012 €	30/9/2011 €
<b>GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE</b>		
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh le linn na bliana	9,142,662	10,861,443
Glanghluaiseacht i ngnóthachain/(caillteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	15,819,207	(5,377,657)
Caillteanais réadaithe ar Aistrithe Amach i rith na bliana	(396,415)	(1,657)
<b>GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE</b>	<u>24,565,454</u>	<u>5,482,129</u>
Ioncam Infheistíochta	275,168	254,519
	<u>24,840,622</u>	<u>5,736,648</u>
Costais	(1,897,468)	(1,476,455)
<b>MÉADÚ I NGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>	<u><u>22,943,154</u></u>	<u><u>4,260,193</u></u>

**CISTÍ NA HARD-CHÚIRTE****RÁITEAS MAIDIR LE HATHRUITHE SNA GLANSÓCMHAINNÍ  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012**

	30/9/2012 €	30/9/2011 €
<b>MÉADÚ I NGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>		
Ioncam infheistíochta lúide costais	(1,622,300)	(1,221,936)
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	9,142,662	10,861,443
Glanghnóthachain/(caillteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	15,819,207	(5,377,657)
Caillteanais réadaithe ar Aistrithe Amach i rith na bliana	(396,415)	(1,657)
<b>MÉADÚ I NGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>	<b>22,943,154</b>	<b>4,260,193</b>
<b>IDIRBHEARTA CAIPITIL</b>		
Fáltais	937,595,428	203,931,765
Íocaíochtaí Amach	(953,531,583)	(167,070,127)
<b>(LAGHDÚ)/MÉADÚ I NGLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIL</b>	<b>(15,936,155)</b>	<b>36,861,638</b>
Méadú ar Ghlansócmhainní	7,006,999	41,121,831
Glansócmhainní ag tús na bliana	1,074,665,251	1,033,543,420
<b>GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA</b>	<b>1,081,672,250</b>	<b>1,074,665,251</b>

**CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA****RÁITEAS MAIDIR LE SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS  
AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012**

	30/9/2012 €	30/9/2011 €
<b>SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA</b>		
Infheistíochtaí	102,120,875	99,376,908
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>		
Féichiúnaithe	654,281	640,111
Banc	441,385	11,918
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁNA</b>	1,095,666	652,029
<b>DLITEANAIS REATHA</b>		
Creidiúnaithe	(128,964)	(70,297)
<b>DLITEANAIS IOMLÁNA</b>	(128,964)	(70,297)
<b>GLANSÓCMHAINNÍ REATHA</b>	966,702	581,732
<b>GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA</b>	103,087,577	99,958,640
<b>ARNA LÉIRIÚ AG:</b>		
Cistí atá á gcoimeád le haghaidh tairbhithe amhail dheireadh na bliana	103,087,577	99,958,640

## CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA

### RÁITEAS MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012

---

	30/9/2012 €	30/9/2011 €
<b>GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE</b>		
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh le linn na bliana	547,308	570,628
Glanghluaiseacht i ngnóthachain/(cailteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(510,882)	385,678
<b>GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE</b>	<u>36,426</u>	<u>956,306</u>
Ioncam Infheistíochta	884	490
	<u>37,310</u>	<u>956,796</u>
Costais	(40)	(454)
<b>MÉADÚ I NGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>	<u>37,270</u>	<u>956,342</u>

**CISTÍ NA CÚIRTE CUARDA****RÁITEAS MAIDIR LE HATHRUITHE SNA GLANSÓCMHAINNÍ  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012**

	30/9/2012 €	30/9/2011 €
<b>MÉADÚ I NGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>		
Ioncam infheistíochta lúide costais	844	36
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	547,308	570,628
Glanghnóthachain/(caillteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(510,882)	385,678
<b>MÉADÚ I NGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>	<b>37,270</b>	<b>956,342</b>
<b>IDIRBHEARTA CAIPITIL</b>		
Fáltais	17,018,818	15,577,684
Íocaíochtaí Amach	(13,927,151)	(16,125,490)
<b>MÉADÚ/(LAGHDÚ) AR GHLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIL</b>	<b>3,091,667</b>	<b>(547,806)</b>
Méadú ar Ghlansócmhainní	3,128,937	408,536
Ghlansócmhainní ag tús na bliana	99,958,640	99,550,104
<b>GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA</b>	<b>103,087,577</b>	<b>99,958,640</b>



**CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE****RÁITEAS MAIDIR LE SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS  
AMHAIL AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012**

---

	30/9/2012 €	30/9/2011 €
<b>SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA</b>		
Infheistíochtaí	3,960,810	3,814,886
	<hr/>	<hr/>
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>		
Féichiúnaithe	31,417	76,358
Banc	31,442	6,833
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁNA</b>	<hr/> 62,859 <hr/>	<hr/> 83,191 <hr/>
<b>DLITEANAIS REATHA</b>		
Creidiúnaithe	(4,056)	(1,932)
<b>DLITEANAIS IOMLÁNA</b>	<hr/> (4,056) <hr/>	<hr/> (1,932) <hr/>
<b>GLANSÓCMHAINNÍ REATHA</b>	<hr/> 58,803 <hr/>	<hr/> 81,259 <hr/>
<b>GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA</b>	<hr/> 4,019,613 <hr/>	<hr/> 3,896,145 <hr/>
<b>ARNA LÉIRIÚ AG:</b>		
Cistí atá á gcoimeád le haghaidh tairbhithe amhail dheireadh na bliana	<hr/> 4,019,613 <hr/>	<hr/> 3,896,145 <hr/>

## CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE

### RÁITEAS MAIDIR LE HOIBRÍOCHTAÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012

	30/9/2012 €	30/09/2011 €
<b>GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE</b>		
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí a diúscaíodh le linn na bliana	16,778	22,191
Glanghluaiseacht i ngnóthachain/(cailteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(13,613)	10,508
<b>GLANGHNÓTHACHAIN RÉADAITHE AGUS NEAMHRÉADAITHE</b>	<u>3,165</u>	<u>32,699</u>
Ioncam Infheistíochta	347	147
	<u>3,512</u>	<u>32,846</u>
Costais	(0)	(11)
<b>MÉADÚ I NGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>	<u>3,512</u>	<u>32,835</u>

## CISTÍ NA CÚIRTE DÚICHE

### RÁITEAS MAIDIR LE HATHRUITHE SNA GLANSÓCMHAINNÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2012

	30/9/2012 €	30/9/2011 €
<b>MÉADÚ I NGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>		
Ioncam infheistíochta lúide costais	347	136
Glanghnóthachain réadaithe ar infheistíochtaí	16,778	22,191
Glanghnóthachain/(caillteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(13,613)	10,508
<b>MÉADÚ I NGLANSÓCMHAINNÍ Ó OIBRÍOCHTAÍ</b>	<u>3,512</u>	<u>32,835</u>
<b>IDIRBHEARTA CAIPITIL</b>		
Fáltais	518,487	518,080
Íocaíochtaí Amach	(398,531)	(549,619)
<b>MÉADÚ/(LAGHDÚ) AR GHLANSÓCMHAINNÍ Ó IDIRBHEARTA CAIPITIL</b>	<u>119,956</u>	<u>(31,539)</u>
Méadú ar Ghlansócmhainní	123,468	1,296
Ghlansócmhainní ag tús na bliana	3,896,145	3,894,849
<b>GLANSÓCMHAINNÍ AG DEIREADH NA BLIANA</b>	<u><u>4,019,613</u></u>	<u><u>3,896,145</u></u>





*An tSeirbhís Chúirteanna*  
*Courts Service*

Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais  
An tSeirbhís Chúirteanna  
15 - 24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh  
Margadh na Feirme  
Baile Átha Cliath 7

Teil. 01 888 6211  
01 888 6214

Gréasán. [www.courts.ie](http://www.courts.ie)